Research Repository UCD

Title	Dán teagascach dar tús "A dhuine, cuimhnigh ar do chríochaibh déanacha"
Authors(s)	Ní Úrdail, Meidhbhín
Publication date	2018-05
Publication information	Ní Úrdail, Meidhbhín. "Dán teagascach dar tús 'A dhuine, cuimhnigh ar do chríochaibh déanacha.'" Coiscéim, 2018.
Publisher	Coiscéim
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/9809

Downloaded 2024-03-28T04:02:09Z

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)

© Some rights reserved. For more information

Published in Stephen Newman, Breandán Ó Cróinín, Liam Ó Paircín (eds), *Saoi na féile. Aistí ar litríocht Ghaeilge an ochtú haois déag in onóir do Úna Nic Éinrí* (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2018), 69–118

DÁN TEAGASCACH DAR TÚS 'A DHUINE, CUÍMHNIGH AR DO CHRÍOCHAIBH DÉIDHEANCHA'[1]

Meidhbhín Ní Úrdail

Tá fáil ar dhán teagascach dar tús 'A dhuine, cuímhnigh ar do chríochaibh déidheancha' in isteach is amach le cheithre scór lámhscríbhinn de chuid an ochtú agus an naoú céad déag. Tá, leis, ar a laghad dhá aistriúchán Bhéarla tagtha anuas ón tréimhse chéanna scripte. Is léir, mar sin, go raibh an-éileamh ar an dán féin i measc scríobhaithe in Éirinn san am úd. Chífear thíos gur i meadaracht an chaointe atá sé cumtha, ach má tá, ní roinntear é i strófa ceathairlíneacha tríd síos sna lámhscríbhinní: riaradh neamhstrófach atá le fáil i bhfoinsí áirithe, foinsí luatha áirithe ina measc, agus éagsúlacht iontu san i líon iomlán na línte (ó idir *c.*240 agus *c.*280 líne). Nuair a cloítear leis an bhfoirm cheathairlíneach, tá éagsúlacht le sonrú anseo chomh maith sna lámhscríbhinní maidir le líon na véarsaí, ach gur idir trí fichid agus deich is trí fichid véarsa an gnás a bheag nó a mhór.

Giorra an tsaoil, agus an gá cur suas don saol seo agus do chreithinisí saolta araon, an teachtaireacht bhunaidh atá á tiomáint abhaile ar an léitheoir. Is iad 'na críocha déidheancha' ar gá don duine cuimhneamh orthu ná a bhás, a bhreithiúnas deiridh, agus, a leanfaidh de sin, ag brath ar an sórt saoil atá caite aige, peannaid agus broid in Ifreann an uafáis nó síoraíocht na bhflaitheas. Thuairimigh Robin Flower gurbh ar an 'Dialogus inter Corpus et Animam' — mórdhán na Meánaoise arbh é 'Agallamh an Choirp agus an Anma' a chóiriú Gaeilge — gurbh air sin, nó ar a mhacasamhail, atá an dán féin bunaithe (Flower 1926: 103). Ní miste a áireamh go bhfuil macallaí láidre ó líne 78 ar aghaidh go háirithe le fáil ó dhán cráifeach atá luaite le Donnchadh Mór Ó Dálaigh (*ob*. 1244, AFM *s.a.*) dar tús 'Garbh éirghe iodhan bhrátha' (Mac Cionnaith 1938: 86–90) chomh maith le ó leagan Nua-Ghaeilge den téacs *Airdheana na gCóig Lá nDéag ria mBráth* (Stokes 1907; Breatnach le teacht). Tá, leis, a mhacasamahail de liosta na n-uafás (ll 78–89 thíos) le fáil: (i) i dtráchtas próis ar chúig chomharthaí déag Lá an Bhrátha san *Liber Flavus Fergusiorum* (ARÉ LS 23 O 48) ón gcúigiú céad déag (Nic Cárthaigh 2014a); agus (ii) i leagan na Nua-Ghaeilge, i.e. athleagan 3, de *An Teanga Bhithnuadh* (Dottin 1907: 304; cf. McNamara 2007: 251–2), a mbaineann téacs easnamhach de seo leis an gcúigiú céad déag, de dhealramh, agus a bhfuil fáil ina dhiaidh sin air in dhá lámhscríbhinn ar fhichid ón ochtú agus ón naoú céad déag. (Ní mór Feiritéar LS 29 le Seán Ó Dreada, 1832, agus Feiritéar LS 36 le Tomás Mac Muircheartaigh a luafar thíos, 1857, a chur leis an liosta foinsí in Nic Cárthaigh 2014b: 212–13.)

Baineann an dán againne, mar sin, le *genre* téacsaí comhairle a bhí an-choitianta i dtraidisiún liteartha na Nua-Ghaeilge Moiche agus níos déanaí, *genre* go deimhin, atá ar cheann den scata stíleanna reacaireachta, i bhfilíocht nó i bprós, a ghabhann le litríocht na gaoise trí chéile ó cheann ceann thraidisiún liteartha na Gaeilge (Ó Macháin 2015). Chuir scoláireacht na mná atá á ceiliúradh sa chnósach aistí seo lenár

[1] Tá buíochas ar leith agam ar an Ollamh Pádraig A. Breatnach as moltaí ar an aiste seo a chur fé mo bhráid. Gabhaim buíochas leis na heagarthóirí chomh maith as a gcomhairle. Ormsa is tógtha aon locht nó easnamh a gheofar uirthi.

n-eolas ar leanúnachas litríocht na gaoise isteach sa nua-aois agus is as a cuid oibre air sin a d'eascair ábhar na haiste seo.

An Traidisiún Scripte

Deinim amach gurb í LS Egerton 194 (Flower 1926: 98–103) foinse is luaithe 'A dhuine, cuímhnigh ar do chríochaibh déidheancha'. Dob é Tadhg Ó Neachtain (*ob. c.*1752), file agus scríobhaí aithnidiúil Bhaile Átha Cliath, a chuir an lámhscríbhinn seo le chéile i mbliain a 1724, agus 'Tuireagh an bheathadh dheighionuigh' curtha mar theideal aige siúd lena théacs dhá véarsa is trí scór. Ní foláir nó ba í obair Uí Neachtain a dheimhnigh go seachadófaí an dán i measc an chiorcal scríobhaithe a bhí ag saothrú an léinn Ghaelaigh ina theannta san ardchathair i gcéad leath an ochtú céad déag.

Is cosúil go mbaineann foinse is déanaí an dáin le Corcaigh, i.e. díolaim filíochta a chuir Diarmuid Ó Ríordáin le chéile idir na blianta 1868 agus 1876 in uimhir 29 Sráid an tSeandúna i gcathair Chorcaí. Tá an lámhscríbhinn seo ar cheann de cheithre cinn ar fad ón naoú céad déag a bhí tráth i seilbh mhórscoláire na Gaeilge, Seán Ó Dálaigh (*c.*1800–78), agus táid ar coimeád i dteannta a chéile inniu i leabharlann phríobháideach in Oslo (Black 1992). Sé véarsa is leathchéad atá i dtéacs an dáin leis an Ríordánach. Is beag eolas atá ar an scríobhaí áirithe seo — níl trácht air, cuirim i gcás, i leabhar tábhachtach an Ollaimh Breandán Ó Conchúir (1982) ar scríobhaithe Chorcaí sa tréimhse iarchlasaiceach — ach ar fhianaise na lámhscríbhinne ina hiomláine, tá an chuma air go mb'fhéidir gur mar chléireach a bhí sé ag obair d'Ó Dálaigh agus gur dósan a chuir sé an lámhscríbhinn le chéile i gcéad uair. Tá dhá chúis leis an tuairim sin: ar an gcéad dul síos, is cosúil gur dhréacht réamhullmhúcháin cuid thosaigh na lámhscríbhinne (lgh 1–107), mar a bhfuil an dán againne, ar ar bhunaigh an Dálach *The Irish Language Miscellany* a d'fhoilsigh sé i gcló rómhánach sa bhliain 1876. Ní miste a lua, áfach, gur léir ar an gcomhchordacht idir shaothar scríbhte an Ríordánaigh agus an leabhar clóite féin gur chuir an Dálach dhá dhán déag breise leis an gcúig ceann déag sa lámhscríbhinn (Black 1992: 69–70). Ar an dara dul síos, tá dréacht eile fós den *Pious Miscellany* le Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin (*c.*1715–95) sa tarna cuid de lámhscríbhinn an Ríordánaigh (lgh 108–233) a bhreac sé i mbliain a 1868. Is air seo, is cosúil, a bhunaigh Seán Ó Dálaigh an t-eagrán a d'fhoilsigh sé siúd i gcló gaelach an bhliain chéanna dar teideal *The Pious Miscellany, And other Poems, by Tadhg Gaolach, or Timothy O'Sullivan. Now for the first time collected* — deich mbliana tar éis dó céad eagrán an *Pious Miscellany* a fhoilsiú i gcló rómhánach. Cé nach bhfuil tagairt in aon áit sa tsaothar clóite don Ríordánach, is follas ón gcomhchordacht sa chás seo go gcloítear docht go maith lena théacs lámhscríbhte (Black 1992: 70–2). Níor chuir an Dálach ach dhá dhán de bhreis ar a bhfuil sa lámhscríbhinn ar fáil sa leabhar clóite, cuirim i gcás, chuir sé beagán le roinnt nótaí réamhráidh a ghabhann leis na dánta sa lámhscríbhinn bhunaidh, agus, anuas air sin, sholáthraigh sé díonbhrollach agus gearrchuntas dar teideal *Short Rules for Reading Irish*.

Ag féachaint dúinn trí chéile ar fhoinsí lámhscríbhinne 'A dhuine, cuímhnigh ar do chríochaibh déidheancha', leanann siad múnla coitianta sheachadadh lámhscríbhinní Gaeilge sa tréimhse dhéanach. Is leis na Déise agus le Co. Chill Chainnigh, le contaetha Chorcaí, Luimnigh agus an Chláir a bhaineann a bhformhór mór, ach tá téacs an dáin tagtha anuas, leis, i ndornán lámhscríbhinní a cuireadh le chéile i dtuaisceart na tíre, i gcontaetha Longfoirt, Liatroime agus na Mí, agus i gcathair Bhaile Átha Cliath. I measc na bhfoinsí tuaisceartacha, díol ar leith suime is ea LS

Egerton 155 le Fearghal Ó Raghallaigh, arbh ionann é, is dócha, agus Farrell O'Reilly, Easpag Caitliceach na Cille Móire (1806–29), a rugadh i bparóiste Chill Mhaighneann ar an teorainn idir an Mhí agus an Cabhán (de Brún 1969: 560; Mackiernan 1989: 15). Prós agus filíocht a bhaineann le ceantar Oirialla is mó atá sa lámhscríbhinn seo a chuir an Raghallach le chéile idir na blianta 1790 agus 1796 (Flower 1926: 77–87), agus naoi véarsa is leathchéad atá ag téacs ár ndán-na inti seo. Ní miste tagairt go cliathánach anseo do théacs eile in Egerton 155, mar atá agallamh fileata, é roinnte in ocht rann déag in ógláchas an-scaoilte ar rannaíocht bheag, idir Mhurchadh, mac Bhriain Bhóraimhe, agus spéirbhean a thagann chuige ar pháirc an áir i gCluain Tairbh ó shaol imigéiniúil draíochta (Ní Úrdail 2000). Is é téacs Egerton 155 an t-aon leagan lámhscríbhinne Gaeilge den agallamh fileata seo atá ar marthain inniu, is cosúil, san áit go bhfuil leaganacha béaloidis amháin de i nGàidhlig na hAlban. Téama na flaithiúlachta agus na trua don té i dtrioblóid atá san agallamh beirte seo, rud a thagann go deas leis an ábhar teagascach eile atá in Egerton 155, ina measc an dán a bhaineann anseo lenár ngnó.

Díol spéise breise is ea UCD–OFM LS A 39 (Dillon *et al.* 1969: 77–88). Seacht véarsa déag is leathchéad atá i dtéacs an dáin i gcuid (a) den lámhscríbhinn seo ó láimh Bhriain Uí Chathaláin (*c.*1750–1804), sagart paróiste Dhomhnach Maighean agus Inis Caoin, Co. Mhuineacháin (Ó Gallchobhair 1955: 79–81; Ó Mórdha 1958: 263). Bhreac an Cathalánach cuid (a) nuair a bhí sé ina mhac léinn 'a ccathir Antwerp' sa idir 1773 agus 1775. Foinse inspéise eile is ea Feiritéar LS 27. Saothar beirte ó Iarthar Duibhneach is ea í seo: timpeall lár an naoú céad déag a bhí Tomás Mac Muircheartaigh 'ón mBaile Uachtarac[h]' ag saothrú agus bhreac Thomas Fitzgerald 'Blackfields' a chuidse oibre i bhFeabhra na bliana 1849 sarar thug sé aghaidh ar Mheiriceá (Ní Úrdail 2018a le teacht; 2018b le teacht). Blúire den dán (ll 1–65) atá breactha anseo i dteannta urnaithe roimh Aifreann, agus dánta le Piaras Mac Gearailt (1709–*c.* 1792) agus le hEoghan Rua Ó Súilleabháin (1748–84). Fianaise shuimiúil trí chéile is ea í ar shaothrú lámhscríbhinní in Iarthar Duibhneach sa chéad leath den naoú céad déag agus cuireann sí lenár n-eolas ar shaothrú an léinn i líomatáiste tíre nach bhfuil an oiread san ar fad foinsí ón tréimhse dhéanach tagtha chun solais fós as. Ní heol conas mar a d'éirigh le Pádraig Feiritéar (1856–1924), ón mBaile Uachtarach i gCorca Dhuibhne, teacht ar LS 27 — cá bhfios ná gur thug an Gearaltach féin leis í an cuan amach go Meiriceá agus gurbh ó ghaol leis nó ó imirceach eile thall a fuair an Feiritéarach ina dhiaidh sin í. Pé ar domhan de sin, dob fhéidir a mheas gur chúis ar leith áthais dó seilbh a fháil ar lámhscríbhinn a cuireadh le chéile ina cheantar dúchais i gcéad uair. Go deimhin, gach seans go raibh aithne ag an bhFeiritéarach ar mhuintir an dá scríobhaí. Agus, ar chuma bhailiúchán na lámhscríbhinní ina iomláine lena mbaineann sí, is luachmhaire fós í nuair a chuimhnímid ar a laghad lámhscríbhinní a tháinig slán ón imirce go dtí an Domhan Nua agus a chas thar n-ais arís ar Éirinn.

Ábhar suime chomh maith is ea téacs an dáin i gcuid (b) de LNÉ LS G 516 a ghraf Michael J. Connolly i mbliain a 1878 (Ó Macháin 1990: 36–8). Is i muinín na fogharscríbhinne agus an chló rómhánaigh a chuaigh an scríobhaí seo agus é i mbun cóipeála, ní hamháin i gcás an dáin againne, ach is mar sin atá téacsaí eile curtha i láthair sa chuid seo den lámhscríbhinn aige, é sin nó téacsaí Béarla atá anseo, agus 'for Mr John Glynn Tuam News Office Shop St Tuam' (lch 53) a bhí an méid sin ar fad. I bhfogharscríbhinn agus i gcló rómhánach, leis, atá an téacs a bhreac Michael Hession ó pharóiste Chomair na Gaillimhe, 'Feb^{y} 1827', i LNÉ LS G 759 (Ó Macháin agus Ní Shéaghdha 1996: 98–100) i dteannta le téacs Christopher Cullen, 'Newcastle', i LNÉ LS G 39 a cuireadh le chéile uair éigin i rith an naoú céad déag

(Ní Shéaghdha 1961: 51–2). Is follas, mar sin, gurbh ar léitheoirí nach raibh oilte ar an nGaeilge mar theanga liteartha a bhí an soláthar téacsúil dírithe sna cásanna seo.

Solaoid shuimiúil eile is ea ARÉ LS 23 O 79 a chuir Eoin Ó Fionnagáin, *alias* John Finegan, le chéile i gCúil Mhaoilín ar chóngar Dhúin Sheachlainn, Co. na Mí, idir na blianta 1821 agus 1824 (Ó Concheanainn 1970: 3582–9; Ní Mhunghaile 2011: 139; Ní Mhunghaile 2015: 561). Cnósach ilghnéitheach filíochta atá anseo, ina measc dánta a cóipeáladh ó *Reliques of Irish Poetry* (1789) le Charlotte Brooke. Maidir lenár ndán-na, tá a chéad eagrán clóite le hEmun O'Sealbhaidh ón mbliain 1818 (a luafar thíos) ceangailte isteach sa lámhscríbhinn chéanna seo (lgh 177–96). Bhí teacht, leis, ag an scríobhaí bisiúil Tomás Ó Iceadha, *alias* Thomas Hickey (1775–1856), ó Bhaile an Ghraeigh i gCo. Thiobraid Árann, ar an gcéad eagrán seo mar gur cóip de atá i LNÉ LS G 230 a bhreac sé, 1821, do Shéamus Ó Meára, ceannaí i gCluain Meala (Ní Shéaghdha 1980: 26–30). Fianaise dheas a chuireann ARÉ LS 23 O 79 agus LNÉ LS G 230 ar fáil dúinn, mar sin, ar an ngaol ceachtartha a bhí ann idir mheán na scripte agus meán an chló i saothrú an léinn Ghaelaigh san ochtú agus sa naoú céad déag. Níor ghá gurbh in aon treo líneach amháin ón scríbhinn go cló a bhíothas — fé mar a bhí i bhformhór mór na hEorpa fén naoú céad déag. Ní hamháin go raibh teacht ag scríobhaithe in Éirinn ar shaothair a bhí i gcló chun cóipeála, ach ba chuid dá *milieu* scolártha téacsaí clóite, dar ndóigh.

Fianaise bhreise sa treo san is ea an leabhrán dar teideal *Man's Final End: translated from crioch deigeanach don duine dan diadha*, i.e. dara eagrán clóite an dáin fara aistriúchán Béarla le Michael Clarke (1750–1847).[2] D'fhoilsigh an file seo ón Obair, Co. na Mí, an saothar i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1824 (Clarke 1824; cf. Ó Casaide 1931: 80 agus Mac Gabhann 1996: 73–4). I measc na síntiúsóirí, liostáltar 'Daly, Mr. P. 20, Capel-street' (Clarke 1824: 50) — tagairt, ní foláir, don scríobhaí agus don bhfile, Peadar Dubh Ó Dálaigh (*ob.* 1861), ó Bhaile an tSléibhe, Co. na Mí, a bhí lonnaithe, is cosúil, i mBaile Átha Cliath i dtráthaibh an ama chéanna a tháinig *Man's Final End* amach san ardchathair (Ua Brádaigh 1960: 50; Ní Mhunghaile 2011: 143–4; Ní Mhunghaile 2015: 562). Gach seans gurbh ón saothar céanna clóite seo a chóipeáil Peadar Dubh a théacs Gaeilge féin den dán atá in ARÉ LS 24 P 31 (FitzPatrick 1940: 3002–5). Agus, dhein Peadar Ó Gealacáin (1792/3–1860), scríobhaí aithnidiúil na Mí agus fear muinteartha Pheadair Dhuibh agus Michael Clarke, cóip de *Man's Final End* — an téacs Gaeilge agus an t-aistriúchán Béarla in éineacht — atá in ARÉ LS 23 O 60 (Ó Concheanainn 1970: 3516). Níl aon dáta luaite leis an obair chóipeála seo Uí Dhálaigh ná Uí Ghealacáin, ach is féidir glacadh le bliain fhoilsithe *Man's Final End* (1824) mar *terminus post quem* sa dá chás.

Tá ar a laghad ceithre cóipeanna de 'A dhuine, cuímhnigh ar do chríochaibh déidheancha' tagtha anuas i lámhscríbhinní mhórscríobhaí na tréimhse iarchlasaicí, Mícheál Óg Ó Longáin (1766–1837), ó Chorcaigh. Is mar seo a chuir sé clabhsúr ar an gceann is luaithe dá chuid: 'Biodh mar sin a thighearna amen amen amen. Sgríobhtha le Míchéal Ó Longáin a ttigh Mhíchuíl ui Chaoímh a tteampoll míchuil san ccrioch bar[r]ach 1785' (MN LS M 57(a), lch [24]). Ag luí amach ar a chéird mar scríobhaí a bhí an Longánach san am úd agus, anuas go dtí an mbliain 1796, ina pharóiste dúchais, Carraig na bhFear, ar chiosa chathair Chorcaí, agus i dtithe príobháideacha, ar chuma thigh Mhichíl Uí Chaoimh, a bhí a chuid peannaireachta ar bun aige. Chuir Mícheál Óg cuid (a) de MN LS M 57 i gcrích idir na blianta 1785

[2] Bhí de Brún (2009: 175 n. 1) den tuairim go mb'fhéidir gurb iad seo dátaí beatha an athar, Michael Clarke, a bhí ar dhuine de shíntiúsóirí *Man's Final End*. Sa bhunsaothar féin tá 'Clarke, Mr. M. sen. Whitewood' (Clarke 1824: 49).

agus 1789 (Ó Fiannachta 1966: 14–19) — an píosa scríbhneoireachta is túisce, de réir dealraimh, dá chuid. Go deimhin, ba dhóigh le duine ón nóta imill seo a leanas a chuir sé ar chéad leathanach théacs an dáin an bhliain dár gcionn gur thuig sé go raibh mórán mór le foghlaim mar scríobhaí aige:

> A léighthóir tuig gur tré amhghluicus do sgríbhas so cómh holc — ⁊ ná heimdhearg mé air an abhar sin. Gaibh mo leithsgeal ⁊ bíonn gach neach dall air ogcaidíghe mar seo, an tan nách fainn eolas. Mícheál ó Longáin 1786 (MN LS M 57(a), lch 13).

Ní miste cuimhneamh air go bhfuil sa chuid chéanna seo den lámhscríbhinn cóip le Mícheál Óg de *Elements of the Irish Language* a d'fhoilsigh an scoláire iomráiteach ó Cho. an Chláir, Aodh Buí Mac Cruitín (*c.*1680–1755), i Lobháin (1728). Deir an Longánach sa cholafan a ghabhann lena chóip a chríochnaigh sé i mbliain a 1786 gurbh é 'do ghraf sin chuim usáide féin' (MN LS M 57(a), lch 159), rud a thiocfadh, dar ndóigh, lena thréimhse phromhaidh agus é ag tosnú amach ar a chúrsa mar scríobhaí. Nath cainte is ea é seo, áfach, a bhíonn in ócáid arís agus arís eile aige ina chuid lámhscríbhinní, rud a léiríonn dúinne inniu, is dóigh liom, cad é béim a chuir sé ar a bheith ag síorfhoghlaim agus ag cur barr feabhais i gcónaí ar a chéird mar scríobhaí.

Tá fáil ar dhá chóip eile ó láimh Mhichíl Óig i mbailiúcháin shubstaintiúla d'fhilíocht chráifeach. ARÉ LS 23 C 20 an chéad cheann acu seo a chuir sé le chéile i gCorcaigh agus in iarthar Luimnigh idir 1802 agus 1830 (Duncan 1932: 1033–40). ARÉ LS 23 O 39 an dara foinse a ghraf sé i gCorcaigh idir 1816 agus 1832 (Mulchrone 1928: 241–50). Níl pátrún luaite aige le ceachtar den dá lámhscríbhinn seo.

Bhreac Mícheál Óg a cheathrú cóip dár ndán-na do Sheán Ó Murchú, Easpag Caitliceach Chorcaí (1815–47), agus duine dá mhórphátrúin dár sholáthraigh sé téacsaí ón mbliain 1814 go ceann fiche éigin bliain ina dhiaidh sin (Ó Conchúir 1982: 222–4). I nduanaire téagartha dar teideal *Duanaire Diadha* (MN LS M 96) atá an dán féin agus chuir Mícheál Óg a fhormhór le chéile i gCorcaigh, 1817, 'air fhuláireamh ⁊ chuim úsáide' an Easpaig 'noch do dhíol go maith as a sgríobh', ach gur dhein a mhac, Pól, uanaíocht in áiteanna air (Ó Fiannachta 1966: 107–20). Ag fágaint an éacht scríbhneoireachta atá curtha i gcrích anseo as an áireamh, caitheann an saothar ina iomláine solas ar scil Mhichíl Óig mar eagarthóir ar a chuid oibre. Tógtar ceann den méid seo, mar shampla, ón 'Réamhrádh' chun a léitheora:

> A Léaghthóir ionmhuin ag so Duanaire Diadha dhuit .i. leabhar ionna bhfuilid iomad do dhántaibh bhláithe, binne, blasta, snuighte, suairce, saoírbhreághtha, do ghlantsáothar na Naomh na ndiadhaireadha ⁊ na n-úghdar CCríostamhúil CCaitilice ⁊ na bhfilídhe bhfoghlamtha bhfírléaghannta is tásgamhla dá raibh annsna foinnsi a ghabhsat fir Éirionn creidiomh chúcha.
>
> Atá gach Substainnt lé féin ⁊ na duanta bheanas ris an Substainnt sin a ndiaigh a chéile mar is dleacht ⁊ a file féin ós cionn gach duaine díobh; noch nách facathas a n-aon chairt amháin roimhe si.
>
> Dánta Dé ⁊ dánta Mhuire
> na nAingiol na Naomh ⁊ na Cruise
> An Diabhuil, an tSaoghuil ⁊ na Colla
> 's gach riaghail chaomh chuim saortha ortha.
>
> Maille re hiomad cómhairleadha cliste cáirdeamhla a ndán mar an ccéadna (MN LS M 96, lch 1).

Agus, i gcuid dheiridh na lámhscríbhinne (mar a bhfuil an dán againne) is léir arís láimhseáil an eagarthóra ar a chuid oibre sa nóta réamhráidh seo a leanas:

> A léaghthóir ionnmhuin ag sin Ocht Stuadh ⁊ da fhithchid fá dhuantaibh diadha dhuit, ⁊ fós tuille fa riú. Annois dochuim an leabhair si do chríochnúghadh a cceart, ⁊ chuim gach aoin nídh do chur ann acht neithe diadha noch do badh [*leg*. budh] cóghnamh don Chríostuídhe do ghluaiseacht chuim na haithrighe, ní fuláir dúinn abhráin dhiadha do chuir asteach a ndhiaidh na ndánta; ⁊ déin guídhe chuim Dé air son na bhfilídhe ndiadha nósoirdhearca do chúm idir dhánta ⁊ abhráin iad [*superscript*] ⁊ air an bhflaith uasal ngaodhlach do chuir dá sgríobh iat .i. an tAthair Seán ó Múrchadha easbog chlúmhuil Chorcaídhe an tan so, ⁊ leis sin, abair beannocht air anmuin an duine do sgríbh san chairt si annois iad .i. Mícheál ó Longáin san mbliadhain d'aois Chríost 1817. *Laus Deo*. A CCorca (MN LS M 96, lch 395).

Ar na scoláirí a raibh baint acu le seachadaíocht 'A dhuine, cuímhnigh ar do chríochaibh déidheancha', tá sé spéisiúil go raibh roinnt acu fostaithe mar mhúinteoirí ag an gcumann bíoblóireachta *The Irish Society for Promoting the Education of the Native Irish through the Medium of their own Language* a bunaíodh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1818. Orthu san a luadh go dtí seo, mar shampla, bhí Seán Ó Dálaigh, Michael Clarke, Peadar Ó Gealacáin, Mícheál Óg Ó Longáin, agus Peadar Dubh Ó Dálaigh, fear a d'iompaigh ar an bProtastúnachas ar feadh tamaill dá shaol, i dteannta le Mícheál Ó hAnnracháin a luafar thíos (de Brún 2009: 87–8, 90, 92–3, 175, 203–10, 258–60, 319).

Údar

Ní gnáthach údar a bheith luaite le 'A dhuine, cuímhnigh ar do chríochaibh déidheancha' sna lámhscríbhinní ach tá an beagán eisceachtaí as an gceithre fichid éigin ar fad. Leagtar ar Dhonnchadh Mór Ó Dálaigh é i dtrí lámhscríbhinn, mar atá: sa *Duanaire Diadha* agus in ARÉ LS 23 O 39, dhá fhoinse thuasluaite le Mícheál Óg Ó Longáin, chomh maith le in ARÉ LS 23 I 48 a bhreac Mícheál Ó hAnnracháin (*c.*1801–*c.*1876), mórscríobhaí an Chláir, 'chum a phléasúir féin', 1831 (Mulchrone 1940: 2728–32). B'fhuirist a leithéid d'údar a shamhlú leis ón uair go dtagann an mheanma agus an teachtaireacht theagascach ann lena macasamhail i ndánta eile a chum Donnchadh Mór. I dtús na haiste seo tagraíodh d'aon dán amháin leis an bhfile seo, más fíor, dán dar tús 'Garbh éirghe iodhan bhrátha', a bhfuil macallaí láidre uaidh le fáil ó líne 78 ar aghaidh sa téacs thíos. Ós a choinnibh sin, tá a fhios againn ó Annála na gCeithre Máistrí gur cailleadh Donnchadh Mór, 'saoí nár sáraigheadh, ⁊ nách sáireochar lé dán', i mbliain a 1244 (AFM *s.a.*). Ó theanga agus ó mheadaracht an dáin féin, áfach, is léir gur déantús déanach é. Go deimhin, ba dheacair glacadh le dán a cuirtear go hiarthagarthach i lámhscríbhinní déanacha i leith fhile a mhair chomh fada san siar le céad leath an tríú céad déag. Chaithfeadh amhras a bheith ann pé scéal é i gcás Mhichíl Óig mar gur nós leis siúd, go speisialta, déantúisí eile filíochta ón tréimhse chlasaiceach a lua go héagórach le Donnchadh Mór Ó Dálaigh.

I measc na bhfoinsí le Peadar Ó Gealacáin, tá ARÉ LS 23 O 60, mar a bhfuil aistriúchán Béarla ag gabháil leis an mbuntéacs Gaeilge a cóipeáladh, fé mar a dúradh thuas, sa bhliain 1824 (nó ina dhiaidh) ó *Man's Final End* a d'fhoilsigh Michael Clarke i mBaile Átha Cliath an bhliain chéanna. Bhunaigh Ó Gealacáin an t-eolas ar údar an dáin ar fho-theideal a eiseamláire clóite mar a ndeirtear: 'Written originally in Irish, (According to the best Authorities) By the Rt. Rev. J. O'Connell, Bishop of Kerry, Who lived in the sixteenth century' (Clarke 1824: [1]). An té atá i gceist leis an

‘Rt. Rev. J. O’Connell’ anseo, ní foláir, ná údar mhórdhán polaitiúil an tseachtú haois déag ‘Tuireamh na hÉireann’, nó ‘Aiste Sheáin Uí Chonaill’, a foilsíodh i gcéad uair fara aistriúchán Béarla, le Michael Clarke arís, sa bhliain 1827 agus *Ireland’s Dirge* bronnta mar theideal air (O’Rahilly 1952: 50; Mac Gabhann 1996). Ag féachaint ar thraidisiún téacsúil an dáin againne ina iomláine, áfach, tuairim eisceachtúil ar fad i dtaobh an údair is ea í seo nárbh fhéidir iontaoibh a thabhairt léi.

An Traidisiún Cló

Lasmuigh d’eagrán Clarke de *Man’s Final End*, cuireadh idir leaganacha eile den dán agus chodacha dhe i gcló cheana. Tháinig an chéad eagrán amach i mBaile Átha Cliath i mbliain a 1818 le hEmun O’Sealbhaidh ‘an leasaightheoir’ (O’Sealbhaidh 1818: leathanach tiomnaithe; cf. Ó Casaide 1931: 80). ‘Crioch deigheanach don duine: dan diadha’ an teideal a ghabhann leis an sé véarsa is leathchéad de théacs ansúd agus gan aon údar luaite leis. Sa bhliain 1851, chuir Patrick Kelly, clódóir i nDroichead Átha, athcló ar fáil de *Man’s Final End* (Ó Casaide 1931; cf. de Brún 2009: 175 n. 1). Luadh níos túisce gur chuir Seán Ó Dálaigh an dán i gcló mar chuid dá dhíolaim dánta *The Irish Language Miscellany*. ‘Crioch Dheanach an Duine’ a chuir sé mar theideal ansan air — ag leanúint, is cosúil, an sé véarsa is leathchéad i dtéacs lámhscríbhte Dhiarmada Uí Ríordáin — agus ‘Author unknown’ fé theideal an dáin mar aistriúchán ar ‘Ní fios cé úghdar’ ag Ó Ríordáin (O’Daly 1876: 24–31). D’fhoilsigh An Craoibhín Aoibhinn an dán san iris *New Ireland Review* (Deireadh Fómhair 1895) agus chuir sé an chéad sheacht véarsa as téacs Uí Shealbhaidh i gcló arís, i dteannta le haistriúchán Béarla a sholáthar, i gcéad imleabhar a shaothair *Abhráin Diadha Chúige Connacht* (Hyde 1906: 74–9). Uime sin, foilsíodh sleachta sna hirisí seo a leanas: *Loch Léin* (Márta 1905), *Timthiridh Chroidhe Neamhtha Íosa* (Meitheamh 1913), *An Crann* (Lá ’le Pádraig 1917), *Timthiridh Chroidhe Neamhtha Íosa* (Meitheamh 1921), *An tUltach* (Feabhra 1925), *The Irish Booklover* 19 (Ó Casaide 1931: 81), *An tUltach* (Nollaig 1934), *Béaloideas* 4 (Ó Tuathail 1934: 31, 48) agus *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (Mac Seagháin 1953).

An Mheadaracht

I meadaracht an chaointe atá ‘A dhuine, cuímhnigh ar do chríochaibh déidheancha’ cumtha. Ceithre aiceann in aghaidh na líne don chuid is mó atá anseo agus *é* – atá i dtroigh dheiridh na línte tríd síos. Seo mar atá an gnáthphátrún:

(–) (–) (–) |x (–) (–) (–) |x (–) (–) (–) (–) |x (–) (–) |é –

Trí aiceann atá i ll 3, 6, 10–11, 13–14, 17, 19–24, 28, 30–1, 34–40, 44–50, 95, 97–102, 104, 106–8, 110, 114, 117, 119, 121–2, 124–5, 156, 162–3, 175–7, 179–81, 188–9, 192–204, 213, 216–20, 224–5, 234, 249:

(–) (–) (–) (–) |x – (–) (–) (–) (–) |x – (–) (–) |é –

Tá amas inmheánach coitianta idir na gutaí aiceanta roimis an aiceann deiridh agus athraíonn guta an amais inmheánaigh ó líne go chéile. Tá, leis, amas dúbalta le fáil (béim láidir agus béim thánaisteach á leanúint), m.sh. i ll 1 (í i) x 2, 4 (í i) x 2, 16 (a á) x 2, 18 (á a) x 2, 25 (í i) x 2, 33 (ú a) x 2, 42 (a i) x 2, 43 (a á) x 2, 74 (ú í) x 2, 112 (o/a i) x 2, 113 (o/a u) x 2, 235 (í i) x 2, 254 (o/a u) x 2. Tá a leithéid chéanna i línte

ina bhfuil trí aiceann, m.sh. i ll 6 (á á) x 2, 11 (i i) x 2, 17 (ó í) x 2, 22 (ó i/e) x 2, 34 (á i) x 2, 36 (á u) x 2, 40 (ua u) x 2, 44 (ó í) x 2, 102 (a/u á) x 2, 106 (ú í) x 2, 107 (ú í) x 2, 108 (e ú) x 2, 119 (o/a á) x 2, 121 (o/a á) x 2, 156 (ú í) x 2, 175 (í ó) x 2. Tá an t-amas ar lár i ll 14, 99 agus 249 agus ní miste aird a dhíriú, leis, ar an méid seo *metri causa*: *saol* = /si:l/ (l. 3); *tsaoil*-se = /te:lʹsʹə/ (ll 9, 60); *ghaolta* = /ɣi:ltə/ (l. 47); *tsaoghail* = /te:ɣəlʹ/ (ll 120, 183, 253); *gcomplacht* = /gu:mpləχt/ (l. 130). Pléitear pointí eile sna nótaí téacsúla thíos.

AN tEAGRÁN

Tá an t-eagrán bunaithe don chuid is mó ar théacs Mhichíl Óig Uí Longáin ina mhórchnósach *Duanaire Diadha*, i.e. MN LS M 96, lgh 514–27 = M. Chífear sna nótaí téascúla go dtéitear i muinín in áiteanna ar chóipeanna eile an Longánaigh in ARÉ LS 23 C 20, lgh 137–51 = C, in MN LS M 57(a), lgh 13–[24] = M1 agus in ARÉ LS 23 O 39, lgh 17–28 = O. Tugadh an litriú chun slachta áirithe, mar atá: (i) *aé*, *aó*, *aoí* (a bhíonn uaireanta ag an Longánach) > *ae*, *ao*, *aoi* fá seach; (ii) *-io-* (neamhaiceanta) > *-ea-*, *-ui-* (neamhaiceanta) > *-ai-*; (iii) *cc-* > *gc-*, *-sd-* > *-st-*, (-)*sg*(-) > (-)*sc*(-), *tt-* > *dt-*; (iv) consain stairiúla *-dh*(-) / *-gh*(-) glanta (m.sh. *nídh* > *ní* l. 73, *cráidhte* > *cráite* l. 68, *súgh* > *sú* l. 32); (v) *agas* > *agus*, *air* (réamhfhocal simplí) > *ar*, *a* / *an* (réamhfhocal simplí / réamhfhocal simplí roimh guta) > *i* / *in*, *as* (cónasc) > *is*, *-so* (iarmhír threise) > *-sa* (in *dhún-sa* l. 203), *-si* > *-se*. Tá *is* (cónasc) in áit ₇ na lámhscríbhinne agus úsáidtear *macron* nuair nach ann don síneadh fada sna foinsí. Is uaimse an phoncaíocht, scaoileadh na nod agus a bhfuil idir lúibíní cearnacha sa téacs féin.

I strófa ceathairlíneacha atá an téacs roinnte in C, M agus O anuas go dtí ll 57–61 atá curtha le chéile mar stróf chúiglíneach. Leanann strófa ceathairlíneacha ansan arís anuas go dtí ll 250–4, stróf chúiglíneach eile in C agus M; tá l. 254 in easnamh i dtéacs O. Riaradh i strófa ceathairlíneacha atá i dtéacs M1 anuas go dtí ll 254–8, an t-aon stróf chúiglíneach amháin ansúd; tá ll 48, 77, 125, 156–7, 204–5, 213 ar iarraidh sa bhfoinse seo agus tá línte breise in áiteanna inti nach bhfuil in C, M agus O (feic MALAIRTÍ agus NÓTAÍ TÉACSÚLA thíos). Riaradh neamhstrófach atá curtha i bhfeidhm thíos ach go bhfuil na línte curtha le chéile i sé aonaid théamúla, i.e. (i) *memento mori* (ll 1–56); (ii) sceon Lá an tSléibhe (ll 57–113); (iii) an breithiúnas deiridh (ll 114–81); (iv) Neamh (ll 182–203); (v) ó shlánú chlann Iosrael fé stiúir Mhaoise anuas go dtí páis agus céasadh an Tiarna (ll 204–49); (vi) an ceangal (ll 250–8).

A dhuine, cuímhnigh ar do chríochaibh déidheancha:
ná caith t'aois le baois nā le bréaga,
cuímhnigh an saol so go dtréigfir,
is cé gurab aoibhinn é cuímhnigh gur baolach.
Gé go bhfuil tu láidir lán do thréithibh,
lánálainn lántsláinteach lánscéimheach,
ná cuir cás i mbláith bheag bhréige,
is gur táire é ná scáil gan éifeacht.
Ná géill feasta do bhréigdhealbha an tsaoil-se,
is do scéimh ná déin iomad scléipe.
Cuimhnigh a dhuine gur cré thu,
is an uair théir don chíll gur díot do dhéanfaidh.
Gé mór do chuid óir agus gréithre,

do chuid airgid práis is péatair,
do bha do chapaill do bhailte do thréada,
do chúirt do chaisleáin do ghearráin léimreach,
do chótaí do chóistí gnaoi éasrach,
do leapacha árda sásta clúimhéanlaith,
do chócairí bhíodh ag tóitreamh gach taobh dhuit,
is ag déanamh cóisreach ar bhórd leathanéadain,
do lucht ealadhan do bhíodh ag taithí t'fhéachain,
do lucht eólais do chuireadh rócheist ar chléirigh,
do mhuíntir do bhíodh cruínn ar gach taobh dhíot,
is ar do chroí-se bhíodh íntinn dá réir sin,
ag déanamh grínn is ag ínnsin scéal duit,
do chonairt do bhíodh go bíogach béilbhinn,
do bhainfeadh cluiche as eilit dá ghéire,
ar feadh coille nō curraigh nō féithe,
do bhíodh agatsa chuim do ghoile do dhéanamh.
'S a ndúrt ó thúis annsa méid sin,
iontu súd dar mo chúis ní bhfuil éifeacht,
gé go bhfuil a gcúram ort a sú ní leat féinig.
Cuirfid cúl leat an tráth múchtar i gcré thu,
fágfaid do cháirde go léir tu,
láithreach ar an áit sin biaid réidh leat,
in áras gan tsástacht gan téagar.
Ó'n lá sin ní bhiaidh trácht ar do scéal-sa,
budh fuar iad do ghuaille is do ghéaga,
is tu ad truaill bhocht in uaigneas i t'aonar,
san uaigh dhubh is ualach don chré ort,
gan ór gan airgead gan earra gan éadach,
gan bha gan chapaill gan bhailte gan tréada,
gan chúirt gan chaisleán gan ghearráin léimreach,
gan chótaí gan chóistí gan béabhair,
gan lucht eólais lucht spóirt ná lucht pléide,
gan do mhuíntir cruīnn ar gach taobh dhiot,
gan chloīnn gan ghaolta gan ghréithre,
acht sínte san díg sin ag daolaibh.
Do chluasa lēar mhaith suairceas is scéala,
biaid an uair sin gan suairceas gan éisteacht.
Na fuilt ghruaige bhíodh anuas leat 'na slaodaibh,
biaid fád ghuaillibh gan duala gan réiteach.
Do ghnúis do mhala do leaca bhí gléigeal,
do shúile glasa gan chama[dh] gan chlaona[dh],
san úir tráth rachair caillir an scéimh sin,
is ní bhiaidh 'na n-ionad acht cruimhe is péiste.

Ní hé sin amháin fáth mo scéil-se:
atá lá le teacht is ná meas gur bréagach
iona dtabharfaidh gach drong an cúntas déanach.
Do fuairis a lán do bhláith an tsaoil-se,
d'ól tu an fíon is tá an cíos gan déanamh.

Tiocfaidh lá bocht brónach scólta céasta,
plágha is gorta is cogadh in éinfheacht,
Antichrīst an fhíll ’s an éithigh,
do mheallfaidh na mílte do dhaoinibh saolta.
A dhuine bhoicht do fuair olc is saothar
a’ cruinníoghadh maoine bídh is éadaigh,
biaidh tu an lá úd go cráite céasta,
is pictiúir an bháis i gclár t’éadain.
Na daoine uaisle do bhí uair éigin
agá raibh a lán saibhris taibhse is scléipe,
beid siad arís go claoite céasta
mar chailleadar Críost le ní gan éifeacht.
Biaid ríthe is prionsaí is diúicí tréana
ag teacht ’na dtáinte tar bhrághaid a chéile,
gan furtacht ren’ fháil ná fáil réitigh
mar ná dearnadar an Fómhar i gcomhair an lae sin.
Biaid clocha is crainn lena línn ag raoba[dh],
cnuic is gleannta ag dul i gceann a chéile,
gach beithíoch beó is fós na héanlaith,
a’ gol ’s a’ caoi is gan díon ag aon rad.
Múchfar le dorchadas solas na gréine,
an ghealach fá smúit ’s i gclúimh chraobhdhearg.
Biaid réalta ag tuitim ann sin in éinfheacht,
is fíor na cruinne ar crith le chéile.
Le méid stoirme is boirbe an lae sin,
nochtfaidh an mhuir a grinneall gréithre;
biaidh na héisc uile gan uisce ag léimrigh,
is casfaidh sí arís ’na caoir chraoraic.
Tiocfaidh aingeal ó fhlaitheas le scéala,
’s a ghalltrúmpa ar an mball dā shéide[adh],
ag rá leó teacht is gan stad do dhéanamh,
’chaim uch! mo thrua is cruaidh an scéal sin:
ar gach anam ag dol san cholainn chéadna,
ar gach nduine dár geineadh ó Éabha.
Tiocfaid siad uile mar thuile dá thréine
as gach áit do chlár na spéire:
ó Shagsana ó Albain ó Éirinn,
ón Spáinn ón bhFrainc ón nGréig leis,
ó Chartage ó Dhacia ó Chréata,
ón Scīthia ó ríocht na hArméinia,
ón Almáinn ón Hungáir ón mBothéimia.
Crēad dob áil liom dá n-áireamh go léir dhuit,
gach a dtáinig ó Ádhamh is ó Éabha,
beid siad an lá úd i láthair a chéile:
an chine Iúdaíoch do ghaibh do sciúirsíbh géara air,
do chuir an púicín san úmhlaíocht bhréige air,
na breithiúin tug an breithiúnas géar air,
mar do bhí *Pontius Pilate*, *Caiphas*, Hérod,
is an chuid eile don chuideachtain chéadna,
do bhí ar buile chuim na tubaiste ’ dhéanamh.

Beid a' gabháil do bhosaibh i mbaitheas a chéile
mar biaidh sē follas gurab acu bhí an t-éitheach.

Do-chífid siad Aoinmhac na Féile,
Íosa Críost do bhí Dē hAoine dá chéasa[dh],
ag teacht arís is na mílte ar gach taobh dhe
chuim díoltais is díbheirge ' dhéanamh.
Biaid slua na mbeannacht 'na seasamh in éinfheacht,
'na gconlán ar a dheasláimh go haerach,
is lucht na mallacht fuair rachmas an tsaoghail,
'na mbrosgán ar a leathláimh clé aige.
Féach mar is éigean do gach aon neach
teacht an lá úd do láthair an Dé-mhic,
gan leithscéal gan eimhín brēige
ná cead cainte aighnis ná pléide.
Go mbeid ár ngníomhartha scríobhtha 'nár n-éadan,
an t-olc 's an mhaith in eagar a chéile,
dá laghad an choir a ceilt ní féidir,
is dá mhéid an mhaith níl maith a séana[dh].
Casfaidh sé a chúl ris an gcomplacht mbréan sin,
is bhéarfaidh sé aghaidh mar shoilse gréine,
gan fheirg gan ghruaim ar an slua naofa,
is déarfaidh sé leó do ghlór na céille:
'A lucht na mbeannacht choinnimh m'aitheanta naofa,
thug tine is leabaidh am ainm is éadach,
bia is deoch don bhocht gan aon rad,
glacaig fearann i bhflaitheas an Dé ghil.
A lucht na mallacht imthigigh feasta le chéile,
go ríocht na ndeamhan i lasracha bréana;
an uair bhí me am dheóraí ní bhfuaras lōistín ó aon neach,
is an uair bhíos nochtaithe ní bhfuair foithin ar aon chor.'
Imeóchaid na táinte re rá an scéil sin,
as an áit is a mball ag screadaigh 's a' béicigh.
Déarfaidh gach neach fa seacht don bhréanbhruisc:
'mo mhallacht ar Dhia do chuir riamh ar saol me!'
Biaid an drong dona dá losca[dh] 's dá léirscrios
i bpoll dhorcha gan solas an lae acu,
i dtínteachaibh dearga 's i lasrachaibh bréana,
is na mílte deamhan dá sraca[dh] as a chéile.
Biaid an ghramaraisc thútach múchta i mbréantas
i nglasaibh cúnga is úird dá bpléasca[dh],
i dteach na bpian gan bia gan éadach,
mar a mbíonn díoscán fiacal le diachair péine,
gol is caoi ag daoinibh tréithe,
fuacht is teas a' crapadh a bhféitheach,
úrlaíocht na sciúirsí ngéara,
is na n-ōrd ngarbh dá bpleancadh 's dá bpléasca[dh].
Siúd an áit gan pháirt dá chéile,
siúd an áit gan ghrá gan daon[n]acht,

siúd an áit gan grása Dé ann,
siúd an áit atá lán do gach aon olc.
An uair rachas an aicme bhréagach
annsa teach sin i nglasaibh daora,
tíocht tar ais níl neart ar aon chor
go saol na saol gan scíth dá gcéasa[dh].
Ní mar sin don tsluagh rug bua naofacht:
rachaid suas ar an uair gcéadna
i bhfochair an uain ó chuaird an tsléibhe,
is flaitheas gheóbhaid uaidh mar luach saothair,
mar a mbíonn ceólta binne dá seinm ar théadaibh,
naoimh is aingil a' canamhain céille,
gach maighdean ghlan noch d'fhan gan céile,
marc fa leith gan cheilt 'na héadan.
Na naoi n-úird i gcúirt na féile,
gan claoichló ag an dTríonóid Naofa,
lán d'áthas mar thángadar ó ghéarbhroid,
ag fáil fáilte go háras na Naomhsprid.
Siúd an t-áras is áille re féachain:
áras na fáilte is na féile,
áras na sláinte gan séanadh,
'sē áras na n-árcaingeal naofa.

Ní chualaidh cluas is ní dual go mb'fhéidir,
ní fhacaidh súil ó thúis an tsaoghail,
níor smaoin croí is níor ghníomh a dhéanamh,
leath ná trian a bhfuil ag Dia na ndé-bheart.
Ann do chathair-se ní bhíonn creacha[dh] ná céasa[dh],
ann do chathair-se bíonn ceart is déighbheart,
ní bhíonn cíos nā cínnteacht le haon ann
acht saibhreas gan daibhreas gan daorchleas.
Ann do chúirt-se ní bhfuil cúngrach ná céasa[dh],
ann do chúirt-se níl diúltadh roimh aon neach,
acht fóill ort dom dheóin ní bhead bréagach,
ní dóigh liom go bhfónann an méid seo:
lucht póite lucht spóirt is lucht pléide,
lucht uabhair dá uaisle a gcuid éadaigh,
lucht stancaird lucht clampair lucht éithigh,
lucht sainte is lucht caillte ar a chéile,
lucht meisce ní cheilim ar aon chor,
lucht feille ní feicfear iad féin ann,
lucht tnúithe lucht drúise lucht éada,
lucht cnúisce gach dúrtain is bréige,
lucht cúilghearradh is clúbhaint dá chéile,
ann do dhún-sa níl rúm ag an méid sin.

A dhúilimh bí liomsa go maorga
is ná fúig-se le drong na lámha clé me!

A Rí na Ríthe do dhíbir déithe,
is tug ón ndílinn Naoi Naofa,
tug tu Maois ó Rí na hÉigipt,
is chuir tu an tuile tar an bhfuirinn nár ghéill do.
Do thúirling gan dochma i gcolainn dár saoradh,
is do rugadh ó mhnaoi nár smaoin ar aon olc,
acht triall na n-aingeal ó fhlaitheas dá féachain
le teachtaireacht ó Athair an Aonmhic.
Do bhís dá fhichid lá ar fhásach sléibhe,
gan chodladh gan bhia — ó a Dhia ná tréig me! —
acht tu ad sheasamh ar an halla ad dhaora[dh],
nō gur sheachain na hapstail go léir tu,
acht Peadair nárbh fhada gur shéan tu,
is do dhearbhaigh nárbh aithnid dho féin tu,
acht tu ’ lúbadh do ghlúine naofa
is ag cur allais fola le dochar tré t’éadan.
D’fhuiling tu do cheangal go daingean le téada
ag dul do láthair Ánas an éithigh;
do chuir Ánas chuim Cáphas dá éis tu,
do bhí *Pilate* ag éisteacht do chéille.
Sin úd an ceathrar tug tarcaisne dhod naofacht
is iomdha tarcaisne tug lucht magaidh ort a Dhé-mhic,
is iomdha sracadh tug aicme na mbréag ort,
is iomdha seile do teilgeadh i t’éadan.
Is iomdha deóra do ró-shil do réidh-ruisc,
is iomdha tuisle is urchar tréan leis
do fuair tusa is gan cumas duit féachaint,
is cúig mhíle buille mar ’ chuireann an naomh síos,
do fuair tusa is seacht dtuile ná léitear.
A dhuine cuímhnigh ar an gcrích-se adéarfad:
Rí na bhFlaitheas bhí ceangailte ag Hérod,
is gan aon bhall slán acht lán do chréachtaibh,
ó bhaitheas go bonn dá chom gléigeal;
an choróin spíona ar Íosa dá léirchur
ag imtheacht go bocht ’sa chros féin air,
is an fhuil síos le gach spíce géar dhi.
Go Sliabh Calbharaí mar a ndearnthas an t-éirleach,
an Mhaighdean ghlórmhar go brónach dá fhéachain,
a fuilt órga dá stróice[adh] óna chéile,
is sruth deór lena gleódhearcaibh naofa,
is a mac trócaireach ag an gcóip sin dá chéasadh.
Ó a Thiarna d’fhuiling piana dár saoradh
is d’íoc ár bhfiach ná fiadfaimís féinig,
is gurab aithnid siúd nach sláinte i t’éagmais!

A Rí na nDúl ná tabhair cúl don tréad bhocht:
maith ár gcoirthe dhuinn mar ’ mhaith tu do Mhagdeléna,
is don ghadaí do-rinne an aithrí dhéanach,
is don phoibleacán ’ bhí le tubaist an tsaoghail,

is Peadair prionsa na n-apstal do shéan tu.
Is é sin críoch is brí mo scéil-se:
guím-se choíche arís gan traocha[dh]
an tAthair an Mac 's an Sprid Naofa
dár seachaint ar bhreith dhamanta Lae an tSléibhe.

MALAIRTÍ

Ceannscríbhinn: Criocha d*eagh*nacha an duine son*n* n*ead*ur Cia c*h*an (C) Air c*h*ríoch*a* déag*h*nac*h*a an duine leis an b*h*fear ccéadna [Donnchadh Mór Ó Dálaigh] (M); Críoch*a* Déig*h*ionac*h*a an Duine an*n*so (M1); Don*n*ch*adh* ó Dála cct (O).

1 cuím*h*nig (C, M, O) cuím*h*naig (M1) d*éadh*nac*h*a (C) déag*h*nac*h*a (M, O) deig*h*ionac*h*a (M1) 3 cuím*h*nig (C, M, O) cuím*h*nesi (M1) saoíg*h*iol (C, M) saog*h*al (M1) saoig*h*iol (O) 4 ge (C, M1) ce (O) cuím*h*nig (C, M, O) caoi*mh*ne (M1) baóg*h*alac*h* (C, M) baog*a*lac*h* (M1) baog*h*alach (O) 5 Ge (C, M, O) Giod*h* (M1) tú (C, M) 8 na (M, O) n*a* (M1) 9 b*h*réig dealb*h*a (C, O) b*h*réig d*h*ealb*h*a (M) b*h*reigd*h*ealb*h*a (M1) tsáog*h*uilsi (C, O) tsaog*h*uilsi (M) tsáoig*h*ailso (M1) 11 cuím*h*nig (C, M, O) cuím*h*ne (M1) 12 as an úair éagfuir gu*r* díot*h* a dhéan*n*f*ar* (M1) is an tan rag*hair* (O) d*h*éanfuig*h* (C, M) d*h*éanfuid*h* (O) 13 Ge (C) Giod*h* (O) 15 b*h*ait*h* (C) b*h*at*h* (M1) 16 g*hear*áin (C, M) g*hear*ain (M1) léimneac*h* (C) leimneac*h* (M1) 17 c*h*ótuíg*h*e (C) c*h*ótaoi (M) c*h*ótuid*h*e (M1) c*h*otuíg*h*e (O) c*h*óistíg*h*e (C) c*h*óistíd*h*e (M) c*h*oistid*h*e (M1) c*h*óistig*h*e (O) gnaoid*h* (C, M1) éasart*hach* (C) éasgrac*h* (M) easart*h*ac*h* (M1) éasarac*h* (O) 18 sás*da* (C) sásda (M, M1, O) clúm*h*a éanlac*h* (M1) 19 c*h*óc*áread*ha (C) c*h*ócairíd*h*e (M) c*h*ócruíd*h*e (M1) c*h*ócairig*h*e (O) b*h*íoc*h* (O) bíod*h* (M1) ag [tiot *cealaithe*] toit*h*ream*h* (M1) a tóitrea*cht* (O) gac*h* lae (C) gac*h* méile (M1) g*ach* lae (O) 20 déanad*h* (M1) coisreac*h* (C) cóisireac*h* (O) b*h*oird (C) bórd (O) l*eathtan* (C, M) éadan (M1) 21 ealád*h*an (M, O) ealaid*h*ean (M1) b*h*íoc*h* ag tait*hígh*e (C, M, O) ag tat*h*uíd*h*e (M1) ad tféa [*an chuid eile doiléir*] (C) tféac*h*uin (M) ad tféac*h*aint (M1) ad tféac*h*uin (O) 22 d*o* c*h*uireac*h* (M) c*h*uireac*h* (O) c*h*léirig (C) c*h*léiricc (M, O) c*h*leirig (M1) 23 b*h*íoc*h* (M, O) 24 c*h*loin*n*si (C) c*h*laoin*n*si (M1) c*h*roíd*h*e si b*h*íoc*h* (M) c*h*loín*n*se b*h*íoc*h* (O) 26 c*h*ont*har*t (C) c*h*ont*h*airt (M, O) conasgrac*h* beal b*h*ín*n* (M1) 27 b*h*uinf*eadh* (C, O) b*h*uainfead*h* (M1) cluit*h*e (C, M, M1, O) 28 *air* feag*h* (O) corruig (C) curruig (M) corruicc (O) cois curraig n*o* sléib*h*e (M1) 29 b*h*íoc*h* (M, O) 30 andub*h*art (C) ndub*ar*t (M) as a ndúb*har*t (M1) is andúb*h*art (O) ansa méid úd (M1) 31 ion*n*ta (C) ión*n*ta (M, O) iontasa (M1) 32 giod*h* (M1) ge atá (O) s*h*úd*h* (C, M1) f*éin* dio*mh* (C) f*éin* díob*h* (M1) 33 Cuirfiod (M1) tráit*h* (C, M, M1, O) fúig*hth*ear (O) san (M1) t*h*ú (M1) 34 Fágfuid*h* (C) Fágfead*h* (M1) t*h*u (C, M1) 35 *Ar* anáit (M1) réig (M) 36 gan sásda*cht* (O) 37 Agus ón lá san (M1) 38 b*adh* (C, M, M1, O) 39 tú (M) t*h*ruaill (M1) ad táon*ar* (C, O) ad aon*ar* (M1) 40 an uaig (C, O) uaig (M) an úaig*h* (M1) 41 earad*h* (M, M1) 42 gan b*hat*h (C, M1) c*h*apuill gan talam*h* (O) 43 gan cuirt gan caisláin gan ge*ar*áin léimneac*h* (M1) léimneac*h* (C) 44 cótuig*h*e gan cóistíg*h*e (C, O) c*h*ótaoí gan c*h*óistíd*h*e (M) gan cotuíd*h*e gan c*h*óistuid*h*e (M1) gan b*h*éab*hair* (O) 46 m*h*aointir (M1) gan muín*n*tior (O) taoib*h* (M1) d*h*íot (C, M1) 47 g*h*aoíd*h*iolta (C) g*h*aoid*h*iolta (M, O) gan c*h*loin*n* gan tsions*ar* gan c*h*éile (M1) 48 *ar lár* (M1) 49 ler (O) le amait (M1) 50 beid (M1) 51 b*h*íoc*h* (M, O) na bpe*ar*luid*h*e (M1) 52 beid (M1) 55 rac*hf*a*idh* tu cailf*idh* tu (M1) 56 ní b*h*íodh a súg*h* (M1) ní b*h*ias (O) nion*n*ad (C, M, O) snígh*e* (C) snídh*e* (M1) snigh*e* (O)

57 fait*h* (C) fáit*h* (M, M1, O) 58 tíog*h*ea*cht* (M1) bréag é (M1) bréag sin (O) 59 ion*n*a (C, M) dróng (M, M1) cún*n*tas (C, M1, O) cún*n*t*as* (M) 60 don g*h*lóire b*h*réige (M1) tsaog*h*uilsi (C, M, O) 61 tú (M1) an diol (C) an díol (M1, O) 62 Tiocfad*h* (M1) Tiocfaig*h* (O) céas*da* (M) gleód*h*ac*h* céasdac*h* (C) gleód*h*ac*h* ceas*da* (M1) deorac*h* céasda (O) 63 pláig*h*e (C, M) plaig (M1) pláig (O) coga (M, O) 64 eit*h*ig (C) éithicc (O) éithig (M, M1) 65 m*h*eallfas (M1) míllte (C, M, O) an tsáog*h*uilsi (C) sáog*h*alta (M) an tsáogal (M1) an tsáog*ail*si (O) 67 cruin*n*íog*h*a (M, O) críonug*h*ad*h* (M1) bíd*h*e (C, M, O) éaduig (C, M) éadaig (M1) éadaicc (O) 68 b*eidh* (M1) tú (M, M1 O) 69 t*éad*uin (C) téadan (M) téadain (M1) téaduin (O) 71 *air* a raib (M1) 72 biaid (O) síad (M1) eigneac*h* (C) éagnac*h* (M1) éigneac*h* (O) 74 Beid*h* rig*h*t*h*e (M1) príon*n*suíg*h*e (C, O) príon*n*saoi (M) prionsuid*h*e (M1) diúic*eadh*a (C) diúicíd*h*e (M, O) ag*us* impírid*h*e (M1) 75 tíog*h*eacht (M1) b*h*ráig*h*aid c*h*éile (M1) 76 gan f*h*orta*cht* (M1) gan forta*cht* (O) re nfág*h*uil (C, M) le nfáil (M1) andán dóib*h* (O) na (C, M1) fag*h*uil réig*h*tig (C) fág*h*uil réig*h*tig (M) faig*h*ail reig*h*teig*h* (M1) fág*h*uil réig*h*ticc (O) 77 *ar lár* (M1) n*ách* (C) nách (O) deárrn*n*ad*a*r (C) deárrn*n*adar (M, O) a ccóm*hair* (C) a ccóir (M) a ccó*mhair* (O) 78 beid (M1) aig (M1) a (O) 80 beit*h*íd*h*eac*h* (C) beit*h*íod*h*ac*h* (M) beat*h*íoc*h* (M1) beit*h*íg*h*eac*h* (O) heanla (M1) 81 aig asgreada (M1) 83 Rac*h*fad*h* (M1) biaid*h* (O) sa nglúim*h* c*h*raébd*h*ear*g* (C, M, O) is a clúim*h* cráob*h* dearg (M1) 84 beid na ráelte ag tuituim is aig brisead*h* (M1) Ráellte ag tuitim go hiomarcac*h* éac*ht*ac*h* (O) ráelte (C) réillte (M) 'saig brise (C) 85 beid fiog*har* (C, M1) fíog*har* (M) fíg*h*ear (O) crit*h* an aonea*cht* (M1) 86 stuirme (C, M, O) stuirime (M1) buirb*h*e (C) buirbe (M, O) buiribe (M1) 87 gréit*h*reac*h* (C, O) gréirt*h*ac*h* (M1) 88 biaid (O) beid*h* iasg an súd (M1) léimnicc (C) léimricc (M, O) léimneach (M1) 89 iona (M1) c*h*raébhric (M) c*h*raobh d*h*earg (M1) c*h*raebhd*h*eirg (C, O) 91 A g*h*all trúmp ionaláim*h* *air* a *m*ball (M1) *da* (M1) da sheide (C) 92 rad*h* leó (C) rád*h* le (M) aig rág*h* leó (M1) da rád*h* leó (O) tiog*h*ea*cht* (M1) [stad *cealaithe*] tea*cht* (O) 93 c*h*uim (C, M, O) (uc*h* m*o* t*hr*uag*h*) (C) uc*h*! (mo t*h*ruag*h*) (M) uc*h*! mo t*h*ruag*h* (O) (c*h*uim uc*h* mo t*h*ruag*h*) (M1) an c*h*éim sin (C, O) an c*h*éim é (M1) 94 dul (C, M, M1, O) san ccoluin*n* cc*éad*na (C) san ccorp (M1) 95 dar (C) dar ginead*h* (M1) 96 Tiocfuid an*n*sin (O) siad m*a*r t*h*uile (C) síad m*a*r t*h*uile (M1) 99 is ón (O) Spain*n* (C) b*h*Fraingc (C, M1) b*h*Frain*n*c (M) bfr*a*in*n*c (O) *líne bhreise* ón asía on affrica on éigipt (M1) 100 C*h*artaige o D*h*ac*h*ia (C) D*h*ác*h*ia (M) D*h*acia (O) C*h*artháge ó d*h*iacia ón c*h*réuta (M1) c*h*reta (O) 101 Scythia *cló iodálach* (M1) Riog*h*a*cht* (C, M1) ríog*h*a*cht* (M, O) narménia (C, M1) Harménia (M) nairmenia (O) 102 hungária (M1) *m*bot*h*emia (C) mbot*h*émia (M) *m*boet*h*ia (M1) mbot*h*emia (O) 103 a báil (M1) *líne bhreise* is g*u*r fearr dam a rád*h* iad a náoneacht (M1) 104 Ádam (C, M1) Adam (O) Ébha (M1, O) 105 biaid siad (C) biaid an lá sin (O) d*o* lait*h*ir (C) láit*h*ir (M) lat*h*air (M1) 106 iudaig*headh* (C) iuduíg*h*eac*h* (M) iudaig*h*e (M1) iuduig*heac*h (O) d*o* [c*h*uir *cealaithe*] g*h*aib*h* (C) don sgúrsid*h*e gear (M1) 107 do [n *cealaithe*] M1 um*h*luig*h*ea*cht* (C) úm*h*luíg*h*io*cht* (M) um*h*lia*cht* (M1) úm*h*luíg*h*ea*cht* (O) 108 brit*h*eam*h*uin (C) breit*h*eam*h*uin (M, M1, O) brit*h*io*mh*n*as* (C) breit*h*ea*mh*n*as* (M) breit*h*eam*h*n*as* (M1, O) daor (C, O) eaga (M1) 109 Pilait Caipheas Herod (C) Píolait Caip*hus* (M) Piolaitt Caep*h*eas (O) Pontias (M1) caiphias [*cló iodálach*] *is* Herod *cló iodálach* (M1) 110 c*h*uideac*ht*a (C, M1, O) 112 biaid (C, O) beid síad (M1) m*h*alla*cht*uib*h* (C) m*h*alla*cht*aib*h* (M1) ag mallúg*h*a a c*h*éile (O) *m*bat*has* (C) *m*bathas (M1) 113 M*air* (M1) b*h*iaid*h* (C, M) a b*h*eid*h* sé follus (M1) gu*r*ab aco [*fé dhó*] (M) aco (C, M1, O)

114 aón m*h*ac (M1) aónm*h*ac (O) Iosa (C, M, M1) dia (C, M1, O) 116 millte (C) míllte (M) 117 díb*h*feirge (C, M, O) dib*h*feirge do [g*h*r *cealaithe*] (M1) 118 Beid

(C, M1) mb*eadhnocht* (C) mbean*nocht* (M) *m*beana*cht* (M1) mbean*nocht* anáenf*h*ea*cht* (O) an [ts *cealaithe*] aone*cht* (M1) 119 ccon*n*lán (C, M, O) ccóm*h*lán *air* a d*h*easlaim*h* (M1) haórac*h* (M, M1, O) 120 tsaóg*h*uilsi (C, O) tsaog*hai*l seo (M1) tsáoguil (M) 121 *air* an láim*h* c*h*lé (C, O) *air* an láim*h* cclé (M) *air* (M1) 122 Feac*h*sa (O) Féac*h*sa mar b*h*us (C) feac*h* tusa (M1) aénneac*h* (C) aenneac*h* (M, O) aón d*h*uine (M1) 123 tiog*h*ea*cht* (M1) láit*h*ir (C, O), lait*h*ir (M) déig*h*m*h*ic (C, M1, O) 124 leat*h*sgeal (M1) re (C, O) le (M) tab*h*uirt (C) tab*air*t (M, O) fe aonrad (C) fé aón rad (M) fá aónrad (O) 125 *ar lár* (M1) 'na (O) cain*n*te aid*h*nis (C, M, O) 126 Go mbiaid*h* (C, O) Go *m*beit*h* árr (M1) sg*r*íob*ht*h*a* (C) sg*r*íob*ht*a*dh* (M) sgríob*ht*h*a* (O) néadain (O) 128 luíg*head* (C, M) luíg*h*ead (O) luíd*h*iad (M1) 129 da mh*éid* (C) da m*h*éid (M1) níl neart (C, O) níl fhuil neart (M1) 130 ccú*m*pla*cht* (M) ccúmpla*cht* (O) ccumpla*cht* *m*brean (C) leis an ccúam*h*na*cht* b*h*réun (M1) 131 is d*o* b*h*éarfuid*h* (C) is do b*h*éarf*aidh* (M1) is do b*h*éarfuig (O) se (C, M) aigh*idh* (C, M, M1, O) s*h*oillsi (C, M) s*h*oillse (O) 132 f*h*earg (M1) naom*ht*a*dh* (M) 133 se (C) s*éadh* (M1) céile (M1) 134 mb*eannocht* d*o* choin*nimh* mat*h*ant*adh* snár*r* raob i*at* (C) mbean*nocht* c*h*uin*n*im*h* mat*h*an*n*ta nao*mht*a*dh* (M) *m*beana*cht* do coin*n*b*h*aig mat*h*anta snárr ráob*h* íad (M1) mbean*nocht* d*o* c*h*onguim*h* m'ait*heantadh* féinig (O) 135 do t*h*ug teine (M1) is tug teine (O) 136 aónrad (C) aonrad (M, O) do dhaoinib*h* follm*h*a bhí a négrúas (M1) 137 glacuid*h* (C, O) glacuíd*h*e (M1) 138 imt*hígh*id*h* (C, M) imt*hig*h*id*h (O) imt*hig*h*e* (M1) 139 ríog*hacht* (C, M, O) riog*hacht* (M1) lasrac*adh* (C) mar a mbíad lasarac*h*a (M1) dáora (C, M1) daora (O) 140 mé (C) ní bhfu*air* me lóistín o aen*n*eac*h* (C, O) ní b*h*fu*air* me loistín oíd*hch*e (M1) 141 d*o* bhi me (C) a bhí me (M1) bhi me (O) no*cht*uig*hth*e (C, M, O) no*cht*aig*hth*e (M1) ni b*h*fuaras (O) fuithin (M) ní b*h*fu*air* me follac*h* (M1) 142 Imeoch*aidh* (C) Imt*h*eógc (M1) Imeóc*h*uid (O) le ráite (M1) sgeil (C, O) sgéal (M, M1) 143 áit ag (C) áit sin (M) ait (M1) ait sin (O) sgr*ead*uig (C, M) aig sgreadeag (M1) asgreaduig (O) bpeicig (C, O) bpéicid*h* (M) bpeic*idh* (M1) 145 *ar* an saog*h*a*l* (C) *air* an saog*h*al (M1) ar a*n* saog*h*al (O) 146 Beid (M1) Biaid*h* (O) is *dá* (M1) is dá (O) 147 aco (C, M, M1, O) 148 ttein*n*teac*h*uib*h* (C) tteinteac*h*aib*h* (M1) ttein*n*tib*h* (O) 149 míllte (C, M) milte (M1) millte (O) na seasam*h* *air* gac*h* taob*h* díob*h* (M1) 150 B*eidh* (C, M1) 151 cum*h*anga (C) cúm*h*anga (M, O) cúm*h*ga (M1) *da* raob*adh* (C) da raoba (O) *dá* raoba (M1) 152 g*an* b*h*ia (C), g*an* bia [*punctum cealaithe*] (M) gan b*h*iadh (M1) gan b*h*ia (O) 153 *m*bion (C) *m*bíon (M, M1) *m*biaid*h* (O) diosgán (C, M, M1) 155 crapa (C, M, O) 156–7 *ar lár* (M1) 156 urluíg*h*ea*cht* (C) úrluíg*h*ea*cht* (M, O) sgiuirs*eadh*a (C, M, O) ngearad*h* (C, O) 157 bpleang*ad*h (C, M, O) 158 suid an ait (M1) 159 suid (M1) gan d*h*aon*n*a*cht* (C, M) 160 Súd (M1) 161 sud (M1) *is* siúd (O) 162 rac*h*fas (C, M, M1) 163 ansa teac*h* faoi (M1) 164 tiog*h*a*cht* (C) tig*h*ea*cht* (M) Gan tiog*h*a*cht* (M1) tíg*heacht* (O) 165 saog*h*al na saoig*h*iol (C) saog*h*al na sgaoig*h*iol (M) saog*h*al na saog*h*al (M1) saóg*h*al na saoig*h*iol (O) 166 náom*ht*h*acht* (C) nao*mht*h*acht* (M) naom*ht*h*acht* (M1, O) 167 rac*h*fuid (C, M, O) rac*h*f*ad* siad (M1) 169 lua*cht* (M1) mbíon (C, M, O) *m*bion (M1) 170 sein*n*im (C, O) sein*nim* (M) sin*n*im le teada (M1) 171 agus (M1) canm*h*uin (C, M, O) ceille (M1) 172 gan c*h*eile (M1) g*an* c*h*éile (O) 175 claoic*h*lod*h* (C) c*h*laoc*h*ód*h* (M, O) c*h*láoc*h*ód*h* (M1) ttríon*n*óid ronaom*ht*a*dh* (C) ttrion*n*óid nao*mht*h*a* (M) tt*r*ionóid ro naom*ht*h*a* (M1) tt*r*ion*n*oid rónaom*ht*a*dh* (O) 176 g*h*eárb*h*ruid (C, M) g*h*éar b*h*ruid (M1) d*h*áorb*h*ruid (O) 177 fág*h*uil (C, M) fág*h*ail (O) a cuir fáilte rompa (M1) náe*mh*sp*r*ide (C, O) naé*mh*spride (M) naoím*h*spiode (M1) 178 súd (M1) áile (C) is áilne le nféac*h*aint (M1) féac*h*uint (O) 179 sláinte is na feile (M1) 180 séana (C, M) gan b*h*reige (M1) 181 aras (C, M1, O) na n*ár*cain gioll (M1) náom*ht*h*a* (C, M) naom*ht*h*a* (M1, O)

182 c*h*ual*aidh* (C) c*h*úala (M1) mfeidir (C, O) mféid*ir* (M) *m*béidir (M1) 183 is ní (O) f*h*eacaig*h* (M1) o túis an tsáog*h*al seo (M1) tsaoguil (C) tsaógail (M, O) 184 smuain (O) croíd*h*e (C, M) cráoid*h*e (M1) croid*h*e (O) 185 na (C, M, O) *dá* (C, M1) ndeig*h*b*hear*t (C, O) ndéig*h*b*hear*t (M1) 186 an do (M1) b*h*íon (C, M, O) b*h*fíon (M1) 187 ion*n* d*o* (C) an d*h*o (M1) bíon (M, O) b*h*ios (C, M1) *is* réig*h*teach (O) 188 b*h*íon (C, M, O) aig tíog*h*ea*cht* an do bhéasa (M1) 189 saib*h*ris (M1) an aonc*h*uid (M1) 190 an do (M1) cu*mh*angrac*h* (C) cúm*h*angrac*h* (M) cúm*h*agrac*h* (M1) cúmangr*ach* (O) 191 an do (M1) ni b*h*ion (C, M1, O) diullta (C, O) diúllta (M) *air* aónneac*h* (M1) aenneac*h* (C, O) aoínneac*h* (M) 192 amd*h*eón ní b*h*íad*h* (M1) ni b*h*iad (O) 193 as doic*h* (M1) dóit*h* (C, M, O) na foir*eann* (C) nách foirean*n* (M1) méid sin (C) [meud *cealaithe*] méid úd (M1) meidsi (O) 194 spoirte (C) spóirte (M1) spoirt (O) 195 eaduicc (C, O) éaduicc (M) éadaig (M1) 196 stan*nc*air*d* (C, M) stan*n*caird (O) c*h*lampair (M1) eit*h*ig (C) éit*h*ig (M, M1, O) 197 sain*nt*e (C, M, O) 198 ní c*h*eilfid*h* mé (M1) 199 f*h*eicf*ear* (C) faict*hear* (M) f*h*aicfid*h* (M1) 201 [lucht *cealaithe*] gac*h* (C) luc*ht* dúrtain (O) 202 cúilg*h*eara (C, M, O) cuill g*h*earra (M1) 203 an do d*h*uic*h*e si ní b*h*fuil róm (M1) úd (M1)

204–5 *ar lár* (M1) 204 liómsa (C, M, O) máor*dha* (C) máord*h*a (M) sáord*h*a (O) 205 fúig*h*id le (C) dróng (C, M) drúng (O) 206 Rígh [e *cealaithe*] (C) Rígh*e* (M1) 207 d*o* t*h*ug (C, O) do t*h*ug (M1) ndílin*n* (C) ón díllion (M1) náom*htha* (C, M, M1, O) 208 do t*h*ug (M1) tú (M, O) Rig*h* [e *cealaithe*] (C) Rig*h*e (M1) 209 do [t*h*ug *cealaithe*] c*h*uir (M1) tú (M, O) f*h*uirin*n* (C) f*h*urron*n* (M1) b*h*fuir*inn* (O) d*ui*t (M1) 210 accolan (M1) d*ar* sáora (C) saora (M) sáorad*h* (M1) d'*ár* sáor*adh* (O) 211 do (M1) aon f*hear* (C) aon f*hear* (M1) Aónf*hear* (O) *líne bhreise* amáin fe*ar* uasal gan earrad*h* gan éadac*h* (M1) 212 féac*h*uint (C, M1, O) 213 *ar lár* (M1) aenm*h*ic (C) aénm*h*ic (M, O) 214 b*h*í tu (M1) *dá* f*h*it*hch*id (C) da f*h*it*hch*id*h* (M) *da* f*h*it*h*ciod (M1) da f*h*it*hch*iod (O) 215 ó dhía (M1, O) na (C, M, M1) sin*n* (O) [a*cht* tu lúbad*h* do ghlune naom*htha* is do *cealaithe*] M1 216 s*h*asam*h* (M1) 217 n*o* (C) nu (M1) g*u*r (O) t*h*u (M1, O) 218 P*ead*a*r* (C, O) nár b*h*fada (C, M, M1, O) 219 d*hear*b*h*uid*h* nár (C) d*h*earb*h*uid*h* nár (M) d*hear*b*h*uig nár (M1) d*h*earb*h*uig nách ar (O) b*h*ait*h*nid (C, M, O) b*h*ait*h*ne (M1) 220 ag lúba (O) náom*htha* (C, M, M1, O) 221 do c*h*uir allus (M1) t*r*íad (C) t*r*ead (M) t*r*íd (M1) tre'd (O) héadán (M1) c*h*ae*mhch*neas (O) 223 láit*h*ir (C, M, O) alát*hair* (M1) Annas (M1) Anas *cló iodálach* (O) éit*h*ig (C, M) eit*h*ig (M1) eit*h*id (O) 224 Anas (O) Annas (M1) Caiphias (C) Cáip*h*ias (M) Caipheas (O) 225 is d*o* (O) Piolait (C) Píolait (M) Píolaid (O) eistea*cht* (C, M, O) 226 Siúd (C, O) Súid (M1) 'od (O) *air* do (M1) nao*mhthacht* (C, O) nao*mhtacht* (M) náom*h*ea*cht* (M1) 227 iómd*h*a (C, M) ad*h*éig*h*m*h*ic (M1) 228 sraca (C, M, O) t*ugh* (C, O) t*ugh* (M) 229 silead*h* do teilgiod*h* (M1) d*o* teilg*eadh* (C) d*o* teilgeac*h* na mbréag ort (M) ad téadan (C, M1, O) 230 As (M1) iómd*ha* (C) iómd*h*a (M) róis*h*il (C) do d*h*oirt (M1) réag*h* (C) réig*h* (M) reag*h* (O) ódd*h*éig*h* rosg (M1) 231 ttuisle (M1) 232 g*an* cum*as* duit féac*h*uint (C) sea*cht* ttuille ná léig*htear* (M) gan cum*as* dut féac*h*uint (M1) g*an* cumas duit feac*h*uint (O) 233 m*a*r c*h*uirid na naoim*h* síos (M1) 235 cuím*h*nig (C, M) cuim*h*nig (O) cuím*h*ne (M1) dearfad (O) 236 Rígh*e* (C, M1) tá (C, O) ta (M1) Herod *cló iodálach* (M1) 237 lan (M, O) 238 b*hath*as (C, M1, O) da (C, M) gléageal (M1) 239 C*h*oróin*n* (C, M, O) c*h*róin*n* spíne (M1) na ndéag*h*b*h*eart (M1) da (O) léarc*h*ur (C, M) 240–1 *aisiompaithe* (C, O, M1) 240 aig ímt*h*ea*cht* (M1) sa cros (M1) 241 an f*h*uil (C, O) agus an sruit*h* (M1) spíce d*h*i [ge*ar ar chiumhais dheis an leathanaigh*] M1 di (O) 242 calb*h*aruíd*h*e (C, O) Calb*h*araoi (M) Cab*h*ári (M1) and*earearnnthas* (C) and*eárnnth*as (M) and*earnas* (M1) andeárrn*nth*as (O) 243 Muire (M1) 'san M*h*aig*h*dion (O) f*h*éac*h*aint (M1) 244 ór*dha* (C) órd*h*a

(M, O) ord*h*a (M1) 245 is sruit*h* (C) *is* sruit*h* (M, O) an sruit*h* (M1) gleóid*h*d*hear*caibh (C) gleod*h* d*hear*cad*h* (M1) gleó d*hear*cuib*h* (M) gleóid*h*d*h*earcaibh (O) naóm*htha* (C, M) naom*htha* (M1, O) 246 tróc*ar*eac*h* (C) trocouireac*h* (M1) ccoip (C, M1) c*h*éasa (C, M, O) c*h*easadh (M1) 247 O! (O) t*h*igur*n*a (C, O) t*h*ig*hear*n*n*a (M) t*h*ig*hear*na (M1) sáora (M) da'r saora (O) 248 díoc*h* arr (M1) b*h*fiac*h*a (C, M1, O) n*ách* fiadfaimis d*o* d*h*éanam*h* (C) ná f*h*éadfamuis a d*h*éanam*h* (M1) n*ách* fiadfuimís d*o* d*h*éanamh (O) 249 'sgurab (O) ait*h*ne nác*h* (C) ait*h*ne d*h*uin*n* (M1) ait*h*nid dúin*n* (O) nác*h* (C, M) n*ách* (O) slainte (M1) d*h*úin*n* (C, M1, O) ad t*éadh*muis (C, O) a t*éadh*muis (M) a teag*h*muis (M1)

250 A Rígh*e* (C) O a Rígh*e* (M1) túb*hair* (M) na tab*har* (C, O) 251 ccurt*h*a (C, M1) d*h*úin*n* (C, M, O) tú (M, O) M*h*aigdélena (C) M*h*agdélena (M) .M. Magdéléna (M1) 252 g*h*aduígh*e* d*o* rin*n* an aithrígh*e* (C, M, O) g*h*aduíd*h*e dorin an ait*h*rig*h* (M1) d*h*éag*h*nac*h* (C, O) d*héadh*nuig (M) d*h*eanac*h* (M1) 253 d*o* b*h*í (O) tsáoguil (C, M) tsaoguil (O) tsaog*h*al seo (M1) 254 *ar lár* (O) P*ead*ar (C) Prion*n*sa (C, M) napstol [g*o cealaithe*] do s*h*ean (M1) tú (M) 255 A sé (C, O) Asé (M) se sin (M1) agus (M1) 257 tait*hair* (M1) Spiorruid (C) spriod (M1) sp*ear*id (O) n*aomtadh* (C) naóm*htha* (M, M1) naom*htha* (O) 258 dar (C) d'ár (O) d*h*amant*adh* (C) daman*ntadh* (M) damanta (M1) d*h*am*an*ta (O) tsleib*eadh* (C) tsleib*h*e (M1)

NÓTAÍ TÉACSÚLA

1 *déidheancha*: le dhá shiolla anseo de réir phátrún *é* – i dtroigh dheiridh na líne; cf. AN MHEADARACHT thuas. Ní hamhlaidh sna lámhscríbhinní, mar a bhfuil siolla sa bhreis i dtroigh dheiridh na líne in *déadhnacha* (C) / *déaghnacha* (M, O) / *deighionacha* (M1).

9 *(do) bhréigdhealbha*: 'false images', comhfhocal fé mar atá in M1 amháin.

11 *Cuimhnigh*: le guta gearra sa chéad shiolla anseo (: *dhuine*). Ní chomhlíonann *cuímhnig* (C, M, O) / *cuímhne* (M1) amas sa líne.

12 *is an uair théir don chíll gur díot do dhéanfaidh*: 'and when you are laid to rest you will become [dust, i.e. *cré* i l. 11]'; *as an úair éagfuir gur díoth a dhéannfar* atá in M1, 'and when you will die destruction will be done', agus an t-amas in easnamh; *is an tan raghair*, 'and when you will go', atá i dtús na líne seo in O.

14 *do chuid airgid práis is péatair*: luadh easpa an amais fé AN MHEADARACHT thuas. Ginideach *práis* atá sna foinsí. D'oirfeadh *brais* (: *airgid*); cf. *do-raduis ór ar shōrt sdāin bhrais* (luaite in DIL s.v. *bras*) agus guta gearra anseo *metri causa*, leis, ach sa chás seo ar son an phátrúin *á* – sa troigh dheiridh (Carney 1950: 232). I dtéacs Thaidhg Uí Neachtain in Egerton 194 (1724), foinse is luaithe an dáin, is cosúil, tá *do chuid óir argid* [leg. *airgid*] *bras* [leg. *brais*] *is petar* [leg. *péatair*]; tá a mhacasamhail i bhfoinsí luatha eile, m.sh. LS A 16 (Port Láirge?, 1730), ARÉ LS 23 A 45 (Oirghialla?, 1745), ARÉ LS 23 M 8 (Tiobraid Árann, 1753), ARÉ LS 23 I 39 (Corcaigh, 1770), Boston LS 7 (Liatroim, 1823–8). Pléitear réiteach na samplaí eile d'easpa an amais sa dán i n. 99–100 agus i n. 249 thíos.

16 *do ghearráin*: an léamh atá in O anseo.

17 *éasrach*: aidiacht *easrach* ‘straw-covered’ bunaithe ar *easa(i)r* ‘straw / rushes for floor covering’, ach gur guta aiceanta dar fuaim /e:/ is gá sa troigh dheiridh. I gcás na malairtí *éasarthach* (C) / *easarthach* (M1) / *éasarach* (O), dob fhéidir *easarthach* ‘strewn (with straw)’ a bheith i gceist anseo < *easraigh*, ach nach gcloíonn sé seo leis an bpátrún *é* – i dtroigh dheiridh na línte tríd síos. Seans go seasann *éasgrach* in M do *eascrach* ‘springing’ < *eascair* ‘to spring’ ag tagairt do luas na gcóistí.

18 *do leapacha árda sásta clúimhéanlaith*: ‘your high pleasant downy beds’. Mar mhalairt ar an gcomhfhocal *clúimhéanlaith*, ‘feather-birded, downy’ (C, M, O), tá *clúmha éanlach* in M1, i.e. ginideach uatha *clúmha* ‘of down’, ach go bhfuil *éanlach* éagsúil murab ‘[*atá*] *éanlaitheach*, ‘[that is] birdlike’, atá i gceist anseo; briseann sé seo an pátrún *é* – i dtroigh dheiridh na línte trí chéile, áfach.

19 *ag tóitreamh gach taobh dhuit*: ‘broiling every side [of meat] for you’; cf. na malairtí *ag tóitreamh gach lae dhuit* (C) / *a’ tóitreacht gach lae dhuit* (O). In *ag toithreamh gach méile* (M1), tá an guta dar fuaim /o:/ is gá *metri causa* ar lár i gcéad shiolla an ainm bhriathartha anseo agus tá iarsma den gcuspóireach uatha san urú ar lorg *gach* in *gach méile* (leg. *mbéile*). Cf. Dinneen 1927: s.v. *toitrighim* ‘I burn, scorch, broil’.

22 *do chuireadh*: fé mar atá an léamh in C agus M1.

26 *do chonairt*: an léamh atá in M1 anseo.

28 *ar feadh coille nō curraigh nō féithe*: bunaithe ar théacs C, M agus O, i.e. ‘along a wood or marsh or uncultivated land’; cf. *air* [leg. *ar*] *feadh coille cois curraig no sléibhe* (M1), ‘along a wood, by a marsh or mountain’.

32 *gé go bhfuil*: an fhoirm spleách a leanann an cónasc in C, M agus O san áit gurb í an fhoirm neamhspleách a leanann é in *ge atá* (O); *giodh* atá mar mhalairt ar an gcónasc seo in M1 anseo agus ag l. 5, agus in O ag l. 13.

a sú ní leat féinig: ag leanúint M agus O, ‘their essence does not belong to you’, i.e. ag glacadh leis gurb í seo an aidiacht shealbhach 3 iol. a thagraíonn dá bhfuil luaite i ll 13–26. Tá *a shúdh ní leat féin díobh* in M1 agus a mhalairt in C, i.e. ‘its essence of them [= their essence] does not belong to you’.

42 *gan bhailte*: séimhiú i ndiaidh an réamhfhocail atá anseo sna foinsí ar fad. Ar a shon san, dob fhéidir idir shéimhiú agus easpa séimhithe a bheith ar a lorg — fé mar is léir sa téacs agus sna malairtí ag ll 36, 43–4, 47, 76, 132, 152, 159, 172, 175, 180, 232.

46 *taobh*: le guta aiceanta dar fuaim /e:/ sa troigh dheiridh, rud nach bhfuil in *taoibh* (M1).

47 *(gan) ghaolta*: mar mhalairt in M1 tá *gan tsionsar* [leg. *tsínsear*] *gan chéile*.

56 *acht cruimhe*: fé mar atá in M amháin; *acht snighe* atá in O agus na malairtí (nach gcomhlíonann an t-amas) *acht sníghe* (C) / *acht snídhe* (M1), i.e. ‘but crawling’.

60 *a lán do bhláith an tsaoil-se*: ‘much of the best of life’; *a lán don ghlóire bhréige*, ‘a lot of false glory’, atá in M1 anseo, ach go bhfuil an t-amas in easnamh.

62 *scólta céasta*: ‘afflicted, tormented’ (M); cf. na malairtí *gleódhach céasdach* (C) / *gleódhach ceasda* (M1), ‘mournful, tormented’, agus *deorach céasda* (O) ‘tearful, tormented’.

63 *plágha*: leasaíodh *pláighe* anseo (M, C); cf. *plaig* (M1) / *pláig* (O) > uimhir uatha *pláigh*.

cogadh: léamh C agus M1 atá anseo.

67 *bídh*: an léamh atá in M1 amháin.

69 *(i gclár) t’éadain*: bunaithe ar *téadain* (M1) / *téaduin* (C, O), i.e. ginideach uatha seachas ainmneach uatha *téadan* (leg. *t’éadan*) in M.

71 *(a lán) saibhris*: guta aiceanta dar fuaim /ai/ atá anseo, i.e. /sai(v′)ris′/ (: *taibhse*). Tá saidhbhir, i.e. /sair′/, ag Seán na Ráithíneach (1700–62) ó Charraig na bhFear (Torna 1954: 143, l. 15), ceantar dúchais Mhichíl Óig Uí Longáin, leis, agus tréith i gcanúin na beirte.

72 *beid siad arís*: an forainm 3 iol. i dteannta fhoirm tháite an bhriathair (3 iol., fáist.) atá in C, M agus M1 anseo; cf. *beid siad* (M, M1) agus *biaid siad* (C) sa téacs agus sna malairtí ag l. 105, agus *beid síad* (M1) sna malairtí ag l. 112. *Biaid arís* atá sa líne seo in O; *bia-* seachas *bei-* atá sa bhfáistineach in *Párliament na mBan* (Ó Cuív 1952a: 171) agus in *Trompa na bhFlaitheas*, ina measc *biaid* (3 iol., fáist.) in O (O’Rahilly 1955: 329). Maidir le héagsúlacht *bia-* / *bei-* sa bhfáistineach i bhfoinsí an dáin, feic an téacs agus na malairtí ag ll 50, 52, 78, 84–5, 105, 112, 113, 118, 126, 146.

76 *gan furtacht ren’ fháil*: ‘without help / comfort at finding him’, ag tagairt do Chríost i l. 73, ní foláir. Leasaíodh *re nfághuil* (C, M) anseo, i.e. *re* agus an aidiacht shealbhach 3 uath., ‘with his’; cf. *le nfáil* (leg. *len’ fháil*) in M1. A mhalairt *andán dóibh* (leg. *i ndán dóibh*) atá in O, i.e. ‘without help / comfort in store for them’.

83 *an ghealach fá smúit ’s i gclúimh chraobhdhearg*: ‘the moon [obscured] under a vapour and in a redspreading haze’. Leasaíodh *sa nglúimh* (C, M, O), i.e. *clúmh* (bain.), *clúimh* (tabharthach uatha). *Rachfadh* (leg. *Rachadh*) *an ghealach fá smúit is a clúimh cráobh dearg* atá in M1, ‘The moon and its red arabesque haze would disappear under a vapour’; maidir le *clúimh* (fir. agus bain.), feic IGT ii §45.

84 *Biaid réalta ag tuitim ... grinneall gréithre*: tá bunús na gcomharthaí seo i dtraidisún téacsúil na Gaeilge le rianadh siar go dtí dánta fhear léinn an ochtú céad, Blathmac mac Con Brettan. Feic McNamara 2007: 231–3; Ó Dochartaigh agus Carey 2014: 558–60.

87 *a grinneall gréithre*: ‘her seabed of precious things / riches’; *gréirthach* (M1), i.e. *gréithreach* (C, O), ‘opulent’, atá mar mhalairtí air seo.

90–1 *aingeal ó fhlaitheas … 'sa ghalltrúmpa*: Naomh Mícheál; cf. 'Toirneach-thrúmpa ansúd a shéidfidh / Mícheál milis, go fuinneamhail, faobhrach' ag Tadhg Gaelach ina dhán ar Lá an Bhreithiúnais dar tús 'A Ollaimh a Íosa, naíomhaigh, neartaigh' (Nic Éinrí 2001: 156–62, ag 158, ll 657–8).

92 *(ag rá) leó teacht*: is fearr a thagann an forainm réamhfhoclach 3 iol. (C, M1, O) leis an gcomhthéacs anseo; an réamhfhocal simplí *le* atá in M.

93 *'chaim*: leasú ar *chuim* (C, M, M1, O) < *ochaim* / *uchaim* 'I sigh or sob' (Dinneen 1927: 806, 1288).

an scéal sin: mar mhalairt air seo sna foinsí tá *an chéim sin* (C, O) agus *an chéim é* (M1).

94 *ar gach anam ag dol san cholainn chéadna*: 'for every soul entering the same body', i.e. aiséirí na colainne nuair a aontófar corp is anam Lá an Luain. Leasaíodh *dul* na lámhscríbhínní > *dol* (: *cholainn*). Leanann idir shéimhiú (M, O) agus urú (C, M1) *san* anseo, agus in C amháin urú, leis, atá ar an aidiacht ar lorg an ainmfhocail uraithe, i.e. *san ccoluinn ccéadna*, san áit gurb é *san ccorp chéadna* atá in M1; cf. n. 121 thíos.

99–100 *ón Spáinn … ó Chartage ó Dhacia ó Chréata*: tá líne bhreise in M1 idir an dá líne seo, i.e. *ón Asía on Affrica on* [leg. *ón*] *Éigipt*. Luadh easpa an amais i l. 99 fé AN MHEADARACHT thuas. Mar mhalairt uirthi, mar shampla, i dtéacs Uí Neachtain in Egerton 194 (n. 14 thuas), agus idir amas agus ceithre aiceann inti, tá: *ón Fhraingc na mbárc 's ón Spáinn a* [leg. *i*] *n-éinfheacht*. Roghnaíodh *ó Dhacia* (O) anseo (: *Chartage*) ach go gcloíonn *ó Dhachia* (C) leis an amas chomh maith; ní hamhlaidh i gcás (*ó*) *Dháchia* (M) ná (*ó*) *dhiacia* (M1).

103–4 *Crēad dob áil liom … ó Éabha*: tá líne bhreise in M1 arís nach bhfuil sna trí foinsí eile, i.e. *is gur fearr dam a rádh iad a n-áoneacht*, 'and it is better for me to recite them together'.

106 *(an chine) Iúdaíoch*: leasaíodh céad shiolla *iudaigheadh* (C) / *iuduigheach* (M) *iudaighe* (M1) *iuduigheach* (O) ar mhaithe le hamas (: *sciúirsíbh*).

108 *(breithiúnas) géar*: *daor* atá in C agus O anseo, agus *eaga* (leg. *éaga*) atá in M1.

109 *Pilate*, *Caiphas*, *Hérod*: an léamh *Pilate* ó M1 atá anseo (: *Caiphas*). Níl an guta aiceanta dar fuaim /e:/ is gá sa troigh dheiridh in *Herod* (C, M1); cf. n. 236 thíos.

110 *don chuideachtain*: foirm an tabharthaigh uatha atá in M san áit go nglacann an t-ainmneach áit an tabharthaigh, i.e. *don chuideachta*, sna foinsí eile.

112 *Beid a' gabháil do bhosaibh i mbaitheas a chéile*: 'they will be beating each other's heads'. Ní gá leasú a dhéanamh ar *bhosuibh* (M) > *bhasaibh* anseo: maidir le *o* ag freagairt do *a*, feic Breatnach 1984: 151 agus Breatnach 1987: 117; cf. na solaoidí eile atá luaite i n. 113, n. 119, n. 121 agus n. 254 thíos. Seo mar atá sna foinsí eile: *biaid ag mallúgha a chéile* (O), 'they will be cursing each other', ach an t-amas a bheith in easnamh; *biaid a' gabhāil do mhallachtuibh a* [leg. *i*] *mbathas a chēile* (C) /

beid síad a' gabháil do mhallachtaibh a [leg. *i*] *mbathas a chéile* (M1), 'they will be swearing at one another'. Tá an t-amas in C agus M1 anseo, ach go bhfuil troigh iomarcach sa líne chomh maith.

113 *mar biaidh sē follas*: 'because it will be clear', an léamh atá in O. Tá amas sa líne idir *follas* agus *acu*; maidir le *o* ag freagairt do *a*, feic n. 112 thuas.

114 *Aoinmhac*: fé mar atá in C agus M (: *do-chífid*); briseann *aón mhac* (M1) agus *aónmhac* (O) amas na líne.

119 *'na gconlán ar a dheasláimh*: don amas *o* : *a*, feic n. 112 thuas; fágann *ccómhlán* (M1) an t-amas in easnamh ar an líne.

120 *(rachmas an) tsaoghail*: dhá shiolla atá sa troigh dheiridh, i.e. /teːɣəlʹ/; cf. AN MHEADARACHT thuas. D'oirfeadh *(rachmas an) tsaoil seo* / *tsaoil-se*, i.e. /teːlʹsʹə/, chomh maith mar fhuaimniú ar *(rachmas an) tsaoghail seo* (M1) / *tsaóghuilsi* (C, O) *metri causa*; cf. n. 183 agus n. 253 thíos.

121 *ar a leathláimh clé aige*: *leathláimh* atá in M1 amháin (: *mbrosgán*); maidir le *o* ag freagairt do *a*, feic n. 112 thuas. Trí aiceann atá sa líne ach le *air* [leg. *ar*] *an láimh* (C, M, O), ní bheadh ach aon siolla aiceanta amháin i ndara troigh na líne, rud atá éagsúil ar fad ón bpátrún trí chéile (feic AN MHEADARACHT thuas), agus, bheadh an t-amas in easamh sa líne. Tá urú ar lorg tabharthach *láimh* in M, i.e. *cclé* (leg. *gclé*) agus séimhiú ar a lorg in C agus O; cf. n. 94 thuas.

122 *Féach mar is éigean do gach aon neach*: 'see how everybody must'. Tá M1 eisceachtúil ar fad anseo, i.e. *fēach tusa mar as éigion do gach aon dhuine*, 'let you see how every single person must'.

123 (*láthair an*) *Dé-mhic*: tá *déighmhic* (C, M1, O) truaillithe; cf. n. 185 agus n. 227 thíos.

124 *gan leithscéal gan eimhín brēige*: 'without an excuse without a false little groan / cry', bunaithe ar M1, i.e. *leathsgeal* [leg. *leithscéal*] (: *eimhín*). Tá an t-amas ar lár in *gan leithsgéal le tab[h]airt fé aón rad*, 'without an excuse to give about anything' (M, a bhfuil a mhalairt in C agus O).

126 *Go mbeid ár ngníomhartha*: *Go mbiaidh* (3 uath., fáist.) a ghabhann leis an ainmní iolra in C agus O anseo; cf. n. 146 thíos. *Go mbeith* (3 uath., fosh. láithreach) atá in M1.

130 *a chúl ris an gcomplacht*: tá *a chúl leis an ccúamhnacht* (leg. *cuanacht*) *bhréun* in M1 anseo, 'his back to the corrupt band'; níor aimsíos solaoidí eile de *cuanacht* mar ainmfhocal, áfach, ach tá *cúan* (ainmfhocal) agus *cúanach* (aidiacht) ann.

131 *(aghaidh mar) shoilse*: an défhoghar dar fuaim /ai/ atá anseo ar mhaithe leis an amas (: *aghaidh*).

132 *gan fheirg*: tá idir thabharthach tar éis an réamhfhocail (C, M, O) agus chuspóireach *gan fhearg* (M1) sna foinsí.

134 *A lucht na mbeannacht choinnimh m'aitheanta naofa*: 'o blessed ones who kept my sacred commandments / my commandments sacred'. Seo mar atá sna foinsí eile: *A lucht na mbeannocht do choinnimh mathantadh snárr* [leg. *m'aitheanta 's nár*] *raob iat* [leg. *iad*], 'o blessed ones who kept my commandents and did not violate them' (C, a bhfuil a mhalairt in M1); *A lucht na mbeannocht do chonguimh m'aitheantadh* [leg. *chongaibh m'aitheanta*] *féinig*, 'o blessed ones who kept my own commandments' (O)

136 *don bhocht gan aon rad*: mar mhalairt in M1 tá *do dhaoinibh follmha bhí a négrúas* [leg. *n-éagruas*], 'for poor / empty-headed, infirm people', ach nach bhfuil aon amas sa líne.

138 *imthigigh*: bunaithe ar *imthighidh* (O) atá neamhaiceanta in áit *imthíghidh* (C, M) a bhfuil an t-aiceann sa dara siolla gan gá anseo sa líne. D'oirfeadh an rangabháil chaite *imthighe* (M1) chomh maith.

139 *i lasracha bréana*: 'in foul flames'; *mar a mbíad lasaracha dáora* atá in M1, 'where there are severe flames', agus an aidiacht iolra *daora* atá, leis, in C agus O.

140 *lōistín ó aon neach*: téacs C agus O atá á leanúint anseo a chloíonn le pátrún an ghuta aicinn dheiridh dar fuaim /e:/. Ní hamhlaidh don téacs in M a chríochnaíonn le *lōistín* ná in M1 mar a bhfuil *ní bhfuair m*ē *lōistín oídhche*.

141 *foithin*: an fhoirm seo (C, O) seachas *fuithin* (M) ar son amas sa líne (: *nochtaithe*); d'oirfeadh *follach* (leg. *folach*) in M1 chomh maith.

142 *rá an scéil*: bunaithe ar C agus O; *sgéal* atá i dtéacs M agus M1, agus *ráite* atá in M1 amháin.

143 *as an áit is a mball ag screadaigh 's a' béicigh*: bunaithe ar théacs M1. Tá an t-amas ar iarraidh in *as an áit sin ag sgreaduig sa bpéicidh* [leg. *'s a' béicigh*] (M, a bhfuil a mhalairt in C agus O).

145 *ar saol*: tá an t-ainmfhocal cinnte in C, M1 agus O.

146 *Biaid an drong*: *Beid* (3 iol., fáist.) atá in M1 anseo; cf. n. 72 thuas. Foirm uatha den bhfáistineach *Biaidh* leis an gcnuasainm atá in O anseo; cf. n. 126 thuas.

149 *is na mílte … chéile*: 'and thousands of demons tearing them [*an drong dona*, l. 146] apart'; *is na mīlte deamhan na* [leg. *'na*] *seasamh air* [leg. *ar*] *gach taobh díobh* atá in M1, 'and thousands of demons standing on every side of them'.

151 *dá bpléasca[dh]*: tá M eisceachtúil anseo; *raobadh* nó a mhalairt atá sna trí foinsí eile.

162 *rachas*: fé mar atá in O anseo san áit go bhfuil *rachfas* sna foiní eile; cf. MALAIRTÍ thuas mar a bhfuil *-f-* in *rachfaidh tu* (M1) l. 55, *Rachfadh* (M1) l. 83, *rachfuid* (C, M, O), *rachfad siad* (M1) l. 167.

165 *saol na saol*: /se:l nə si:l/, i.e. *na saol* (: *scíth*). Tá réaladh deifreach an ghuta in *saol* iontuigthe i litriú *saóghal na saoighiol* (O) agus *saoghal na saoighiol* (C); cf. *saoghal na sgaoighiol* [leg. *saoighiol*] (M).

171 *(a') canamhain*: tréshiollach atá an focal in M1 amháin agus é ar mhaithe leis an amas, dá réir.

174 *Na naoi n-úird i gcúirt na féile*: i.e. na naoi ngrádh aingeal a d'fheidhmigh mar idirghabhálaithe idir Dhia agus an duine, tuiscint mheánaoiseach a tháinig ón diagaire mhistiúil Dionysius an Bréag-Airéapagach sa séú céad; cf. Stokes 1905: 162. Is áirithe go raibh sí coitianta in Éirinn fé thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche: sa dán dar tús 'Mairg nach tathaigh na trátha', guíonn Donnchadh Mór Ó Dálaigh, mar shampla, go bhfeice sé tigh 'nimhe na naoi ngrádh' (McKenna 1922: 45–6, ag 46, rann 17a). Tagraíonn Gofraidh Fionn Ó Dálaigh (*ob*. 1387) dá bhfuil 'idir neamh na naoi ngrádh / is aoibhneas talmhan thonnbhán' ina dhán cráifeach dar tús 'Mairg mheallas muirn an tsaoghail' (Mac Cionnaith 1938: 109–113, ag 111, rann 24ab). Sa dán dar tús 'Beag nach táinig mo théarma' atá luaite le Tadhg Óg Ó hUiginn (*ob*. 1448), is mian leis an bhfile 'neamh na naoi ngrádh' a bhaint amach (McKenna 1922: 8–10, ag 9, rann 32a). 'Flaitheas nimhe na naoi gclann' atá ag Pilib Bocht Ó hUiginn (*ob*. 1487) ina dhán dar tús 'Dlighthear don bhráthair bheith umhal' (McKenna 1931: 32–5, ag 33, rann 11b). 'A Dhé nimhe na naoi ngrádh!' achainí an fhile anaithnid sa dán grá dar tús 'Cia thú féin, a mhacaoimh mná? (Ó Rathile 1926: 134–6, ag 134, l. 5). Go dtuga Dia é 'd'fhéachain nimhe na naoi ngrádh' an ghuí atá ag Fearghal Óg Mac an Bhaird (*fl.* 1567–*c.*1620) ina dhán dar tús 'Slán agaibh, a fhiora Mumhan' (Bergin 1970: 44–6, ag 46, rann 8b). Tráchtann Bonaventúra, *alias* Giolla Brighde, Ó hEódhasa (*ob*. 1614) ar 'neamh na naoi ngrádh' ina dhán 'Teagasg Críosdaidhe i nDán' (Mhág Craith 1967: 58–69, ag 62, rann 27b). Agus, i ndán dar tús 'Ionmhain compán ro charas' le Lughaidh Ó Cléirigh (*fl.* 1616–26), más fíor, guíonn an file go mbéarfaí é féin agus a phátrún, Baothghalach Ruadh Mac Aodhagáin, 'go cuirt nimhe na naoi ngradh' (McManus agus Ó Raghallaigh 2010: 388, rann 22a). Maidir le samplaí ó fhoinsí próis ar na flaithis: tá na naoi ngrádh aingeal sa leagan Nua-Ghaeilge *Airdheana na gCóig Lá nDéag ria mBráth* (Stokes 1907: 314 §19, 322 §49; Breatnach le teacht) agus sa leagan Nua-Ghaeilge (athleagan 3) de *An Teanga Bhithnuadh* (Dottin 1907: 304).

175 *claoichló ag an dTríonóid*: guta dar fuaim /i:/ is gá i gcéad shiolla an chéad fhocail anseo (: *dTríonóid*), fé mar a chuireann an litriú *claoichlodh* (C) in úil.

177 *(go háras na) Naomhsprid*: briseann na trí siollaí in *náemhspride* (C, O) / *naémhspride* (M) / *naoímhsp[r]iode* (M1) pátrún na meadarachta sa troigh dheiridh; cf. AN MHEADARACHT thuas.

180 *gan séanadh*: 'without denying', léamh O anseo; *gan bhreige* (leg. *bhréaga*), 'truly', atá in M1.

181 *árcaingeal*: tá an *c* neamhshéimhithe sna foinsí ar fad cé gur gnáthach (cf. DIL s.v. *arc(h)aingel*) é a bheith séimhithe.

183 *(ó thúis an) tsaoghail*: dhá shiolla atá sa troigh dheiridh, i.e. /teːɣəlʹ/; cf. AN MHEADARACHT thuas. D'oirfeadh, leis, *ó thúis an tsaoil seo* mar leasú ar *o túis an tsáoghal seo* (M1), i.e. /teːlʹsʹə/; cf. n. 120 thuas agus n. 253 thíos.

185 *(Dia na) ndé-bheart*: agus guta aicinn dar fuaim /eː/ i dtroigh dheiridh na líne in M. Tá *ndéighbheart* (M1) truaillithe (cf. n. 123 thuas agus n. 227 thíos) agus ní shásaíonn *ndeighbheart* (C, O) an mheadaracht.

188–9 *ní bhíonn cíos nā cínnteacht ... gan daorchleas*: 'tax or stinginess is for nobody there but wealth without poverty without utter guile'. Tá M1 eisceachtúil anseo, i.e. *ní bhíonn cíos aig tíogheacht in* [leg. *ag tíocht in*] *do bhéasa / acht saibhris gan daibhreas an* [leg. *in*] *aon chuid*, 'your ways do not incur a fine but riches without any poverty in one share'.

191 *níl diúltadh roimh aon neach*: gnáthláithreach *ní bhíonn* atá in C, M1 agus O; *diúltadh* fé mar atá in M1 atá anseo ach gurb é an réamhfhocal *ar* a leanann ansan é seachas *roimh* sna trí foinsí eile.

193 *ní dóigh liom go bhfónann an méid seo*: 'I do not think this lot is of use' (M), *an méid seo* ag tagairt dá leanann i ll 194–202. Tá *as doich* [*leg. is dóich*] *liom nách foireann* [*leg. fóireann*] *an méid úd* in M1 san áit go bhfuil *na foireann* (leg. *ná fóireann*) agus *an méid sin* in C; *an meidsi* (leg. *méid-se*) atá in O.

196–7 *(lucht) stancaird ... (lucht) sainte*: fé mar atá in M1 amháin sa dá chás anseo.

199 *lucht feille ní feicfear iad féin ann*: 'deceitful folk will themselves not be seen there', agus úsáid dhobhriathartha ag *ann*. Comhlíonann *feic-* (C, O) seachas *faic-* (M, M1) an t-amas sa líne (: *feille*); foirm O atá anseo a bhfuil a mhalairt *ní fheicfear* in C. Struchtúr gníomhach atá in M1: *lucht feille ní fhaicfidh iad féin ann* (M1), 'deceitful folk will not see themselves there'.

203 *ann do dhún-sa níl rúm ag an méid sin*: 'that lot has no room in your kingdom'; arís tá M1 éagsúil anseo, i.e. *an do dhuiche si* [leg. *in do dhúiche-se*] *ní bhfuil róm aig* [leg. *ag*] *an méid úd*, 'that lot has no room in your region / land', ach an t-amas a bheith in easnamh.

204 *liomsa go maorga*: guta dar fuaim /uː/ i gcéad shiolla an fhorainm réamhfhoclaigh anseo (: *dhúilimh*). In áit *go maorga*, 'majestically', a bhfuil a mhalairtí in C agus M, tá *go sáordha*, 'nobly', in O. Tá an líne ar fad fágtha ar lár in M1.

205 *(drong na) lámha*: an fhoirm seo an ghinidigh uatha atá sna foinsí C, M agus O < *láimh*; cf. 'maide lámha' (Mac Clúin 1922: s.v. *maide*), 'Dhein me comharthaí lámha (nó láimhe) do Sheán teacht chugham', 'Tugaim cúl mo lámha dhuit go deó aríst' (Mac Clúin 1940: 36). Ginideach uatha *láimhe* agus *lámha* a bhí sa tréimhse chlasaiceach (IGT ii §192). Tá an líne go léir fágtha ar lár in M1.

207 *tug ón ndílinn*: mar mhalairt tá *do thug* in C, M1 agus O. An t-ainmneach uatha *ón díllion* (leg. *díleann*) atá in M1 (cf. n. 210 thíos) san áit go bhfuil tabharthach uatha sna foinsí eile — cé gur sciorr an réamhfhocal agus t-alt ó *do thug ndílinn* (C).

209 *tar an bhfuirinn nár ghéill do*: ainmneach seachas tabharthach uatha atá in M1 *tar an fhurronn* (leg. *fhuireann*) agus séimhiú atá in C *tar an fhuirinn*. An forainm réamhfhoclach 2 uath. *duit* atá in M1 ag tagairt do *Rí na Ríthe* (l. 206) san áit go dtagraíonn 3 uath. *do* sna foinsí eile do *Maois* (l. 208).

210 *i gcolainn*: murab ionann agus na foinsí eile, ainmneach uatha *accolan* (leg. *i gcolann*) atá in M1 anseo; cf. n. 207 thuas.

211–12 *is do rugadh ... dá féachain*: tá líne bhreise in M1 idir an dá líne seo, i.e. *am[h]áin fear uasal gan earradh gan éadach*, 'only a noble man without goods without clothes', ach go bhfuil an t-amas ar iarraidh anseo.

211 *aon olc*: léamh M amháin; cf. *aon fhear* (C, M1) agus *Aónfhear* (O).

218 *Peadair*: léamh *plene* atá anseo agus i l. 254 i dtéacs M agus M1. Is gnáthach an *r* a bheith caol san ainm phearsanta seo i lámhscríbhinní iarchlasaiceacha na Mumhan trí chéile agus is amhlaidh a bhíodh i nGaeilge iarthar Mhúscraí go dtí le déanaí; cf. Ó Cróinín 1966: 62 n. 111.

221 *tré t'éadan*: leasaíodh an forainm dúbalta in *tread téadan* (M); cf. ll 21, 39, 249 agus a malairtí, agus n. 229 thíos. Tá *trí*, leis, le fáil in *tríad téadan* (C) agus *tríd héadán* (M1), arís le forainm dúbalta; *tre'd chaemhchneas* atá in O anseo, 'through your soft skin'.

223: *Ánas*: an guta fada in C agus M (: *láthair*).

224: *Cáphas*: fé mar atá in M1 ar mhaithe an amais le *Ánas* (C, M).

225 *Pilate ag éisteacht*: de réir M1 arís mar a bhfuil amas le fáil toisc défhoghar dar fuaim /əi/ a bheith i gcéad shiolla *éisteacht* fé mar atá i nDéise Mumhan inniu; cf. Breatnach 1947: 24, 117.

227 *a Dhé-mhic*: tá *adhéighmhic* (M1) truaillithe; cf. n. 123 agus n. 185 thuas.

228 *sracadh*: léamh M1 amháin.

229 *do teilgeadh i t'éadan*: bunaithe ar théacs C, M1 agus O ach gur leasaíodh an forainm dúbalta in *ad téadan* sna foinsí céanna seo; cf. n. 221 thuas. In (*do teilgeach*) *na mbréag ort* (M), bhreac Mícheál Óg síos deireadh na líne díreach roimis seo arís.

230 *Is iomdha deóra do ró-shil do réidh-ruisc*: 'your serene eyes shed many tears profusely'. In M1 anseo tá *As* [leg. *Is*] *iomdha deóra do dhoirt óddhéigh rosg* [leg. *ód dhéighrosg*], 'Many tears flowed from your fine eye'.

232 *is gan cumas duit féachaint*: de réir an téacs in C, M1 agus O. Sciorradh súl is cúis le *is seacht ttuille ná léightear* (l. 234) a bheith ina ionad seo in M.

233 *is cúig mhíle buille mar ' chuireann an naomh síos*: pé acu uatha (C, M, O) nó iolra *mar chuirid na naoimh síos* (M1), tá an cúig mhíle buille luaite i gcuntais

Ghaeilge eile ar pháis Chríost. Tagraítear don uimhir seo, mar shampla, in dhá sheanmóin Ultacha ón gcéad leath den ochtú céad déag (Ó Maonaigh 1965: 24, 48). Sa séú seanmóin ar staid thruamhéileach an pheacaigh in *Sixteen Irish Sermons* Uí Ghallchobhair, deirtear gur 'buaileadh cúig míle buille do sgiúrsa' ar Chríost (SMN IV: 59). Agus, i seanmóin ar an mbreithiúnas déanach i lámhscríbhinn a chuir Mícheál Óg le chéile don Easpag Ó Murchú, 1818–19, tráchtar ar na 'cúig mhíle buille de sgiúirsíbh' (SMN II: 221). Bhí an-iarraidh go deo ar *Sixteen Irish Sermons* — foilsíodh imleabhar den saothar gach dhá bhliain déag ar an meán ó chéad bhliain a chlóite, 1736, anall go dtí 1911 (Mac Murchaidh 2012; cf. Mac Cana 2001: 122, 125–6; Nic Éinrí 2001: 95–6; Wolf 2014: 181, 188–9) — sa tslí is gurbh fhuirist a leathfadh a leithéid mar chuid de chur síos na Gaeilge ar pháis Chríost. Is amhlaidh a tharlódh, leis, i measc phobal éisteachta na seanmóintí, gan dabht. Sa bhfilíocht féin, thagair Tadhg Gaelach do 'chúig mhíle buille a' tuile ar do chaomhchorp' ina dhán teagascach dar tús 'Is fíor gur comhairle thar chomhairle na gcéadta' (Nic Éinrí 2001: 226–32, ag 228, l. 1991). Ní heol dom an bunús atá leis an gcúig mhíle ach ní miste uimhir eile fós a lua anseo, i.e. 6,666, a beachtaíodh i gcuntas meánaoiseach ar conas mar a nochtadh créachta Chríost don triúr ban-naomh Eilís ó Schönau na Gearmáine, agus Mechtilde agus Birgitta na Sualainne. Bhí leaganacha Gaeilge agus Béarla den gcuntas seo ar fáil in Éirinn ó dheireadh an tseachtú haois déag ar aghaidh inar dhein Naomh Bríd na hÉireann de bhan-naomh na Sualainne, agus is di siúd go háirithe a nochtadh líon na mbuillí a d'fhulaing Críost (Flower 1927; Ó Cuív 1952b: 21). Díol spéise sa treo san is ea an treoir seo a leanas a ghabhann leis an dara rúndiamhar dólásach in eagrán méadaithe de *The Garden of the Soul* a foilsíodh i mBaile Átha Cliath i mbliain a 1854 mar go bhfilltear arís ar an gcúig mhíle buille: 'Let us contemplate in this mystery, how our Lord Jesus Christ was most cruelly scourged in Pilate's house: the number of stripes they gave him being about five thousand, as it was revealed to St. Bridget' (Heimann 1995: 65).

236 *bhí*: an caite ag M anseo; cf. an aimsir láithreach *tá* (C, O) / *ta* (M1).

Hérod: ní thagann *Herod* (M1) le pátrún na meadarachta a bhfuil guta aiceanta dar fuaim /e:/ sa troigh dheiridh; cf. n. 109 thuas.

239 *an choróin spíona ar Íosa dá léirchur*: 'the crown of thorns being fully placed on Jesus' agus an léamh *léirchuir* anseo in O amháin. Tá M1 éagsúil, i.e. *an chróinn* [leg. *choróin*] *spíne air* [leg. *ar*] *Íosa na ndéaghbheart* [leg. *ndé-bheart*], 'the crown of thorns on Jesus of the good deeds', le ginideach uatha *spíne* in áit *spíona* (C, M, O). Mar le samplaí (idir infhillte agus neamhinfhillte) de *spín* tar éis *coróin*, feic McKenna 2001: 379.

240–1 *ag imtheacht ... le gach spíce géar dhi*: tá ord na línte in M anseo aisiompaithe sna trí foinsí eile.

241 *is an fhuil síos*: tá *agus an sruith* [leg. *sruth*] *síos*, 'and the flow [of blood] downwards', in M1.

245 *lena gleódhearcaibh*: 'from her troubled eyes'; tabharthach iolra atá in C, M agus O san áit gur ainmneach iolra *gleodh dhearcadh* (leg. *gleódhearca*) atá in M1.

247 *saoradh*: bunaithe ar an léamh *sáoradh* (C, M1).

248 *is d'íoc ár bhfiach ná fiadfaimís féinig*: 'and paid our debt which we ourselves could not pay' (M); cf. a mhalairt *is d'íoc ár bhfiacha nach fiadfaimís do dhéanamh* (C, O) / *ná fhéadfaimís a dhéanamh* (M1), 'and paid our debts which we could not do'.

249 *is gurab aithnid siúd nach sláinte i t'éagmais*: 'and that that may be known that there is no salvation [when] separated from you', agus an forainm taispeáinteach réamhthagarthach *siúd* ag tagairt dá bhfuil ag teacht ina dhiaidh. Luadh easpa an amais anseo fé AN MHEADARACHT thuas. Ní hé sin in M amháin é ach in *is gurab aithne nách sláinte dhúinn ad t'éadhmuis* (C, le forainm dúbalta anseo) / *is gurab aithne dhūinn nach slāinte dhúinn a t'eaghmuis* (M1) / *'sgurab aithnid dúinn nách sláinte dhúinn ad t'éadhmuis* (O, le forainm dúbalta arís anseo). Fabht sa traidisiún lámhscríbhinní is cúis leis an easpa amais, ní foláir. Líne eile ar fad agus amas inti atá, mar shampla, i dtéacs Uí Neachtain in Egerton 194 (n. 14 thuas): *gan do chobhair ár ndáil is ' fháigeadh tré* [leg. *tréith*] *sinn*. Agus, tá malairtí ar *ós áirithe nach bhfuil sláinte againn i t'éagmais* — agus an t-amas slán anseo — i lámhscríbhinní luatha ó cheantair eile m.sh.: LS A 16 (Port Láirge?, 1730) agus ARÉ LS 4 A 46 (Cill Chainnigh, 1793).

250 *tabhair*: léamh M1 amháin.

251 *dhuinn*: arís léamh M1 amháin anseo (: *gcoirthe*).

(do) Mhagdeléna: léamh O atá anseo agus *é* – i dtroigh dheiridh na líne fé mar is dual tríd síos.

252 *do-rinne an aithrí dhéanach*: 'who made the final penance'; dob fhéidir *do-rin* a sholáthar, leis, bunaithe ar an léamh *dorin* in M1; *do rinn* atá sna foinsí eile, i.e. *do-rinne*, ní foláir, ach an guta deiridh agus an guta a leanann é a bheith sleamhnaithe isteach ina chéile. Tá *dhéadhnuig* (M) éagsúil anseo murab *i n-aithrí dhéanaigh* atá i gceist, i.e. infhilleadh na haidiachta baininscní sa tabharthach, ach go bhfuil cuspóir in easnamh ar an líne.

253 *(tubaist an) tsaoghail*: dhá shiolla atá sa troigh dheiridh, i.e. /teːɣəlʹ/; cf. AN MHEADARACHT thuas. D'oirfeadh *tubaist an tsaoil seo* chomh maith mar leasú ar *tubuist an tsaoghal seo* (M1), i.e. /teːlʹsʹə/; cf. n. 120 agus n. 183 thuas.

254 *is Peadair prionsa na n-apstal do shéan tu*: Tá an líne iomlán fágtha ar lár in O. Maidir leis an ainm pearsanta, feic n. 218 thuas. Bheadh amas in easnamh ar an líne gan *prionsa* a léamh le guta gearra sa chéad shiolla (: *n-apstal*); maidir leis an amas *o* : *a*, feic n. 112 thuas. Guta dar fuaim /uː/ atá, gan dabht, i gcéad shiolla *prionsaí* i l. 74 (: *diúicí*).

258 (*ar bhreith*) *dhamanta*: tá an séimhiú in easnamh i dtéacs M agus M1, i.e. *ar bhreith* [*a bheidh*] *damanta* nuair a thiocfaidh Lá an tSléibhe.

GIORRÚCHÁIN

A: Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige, Aberystwyth.

AFM: O'Donovan, John. *Annála Ríoghachta Éireann*: *Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters, from the earliest period to the year 1616* I–VII. Baile Átha Cliath: Hodges, Smithe & Co., 1848–51.

ARÉ: Acadamh Ríoga na hÉireann.

Boston: Leabharlann John J. Burns, Boston College.

DIL: *Dictionary of the Irish Language. Based mainly on Old and Middle Irish Materials* (agus *Contributions to a Dictionary of the Irish Language*). Baile Átha Cliath: Royal Irish Academy, 1913–75 (dlútheagrán 1983; leagan leitreonach [*eDIL*] 2007; leagan leictreonach leasaithe 2013 ag <edil.qub.ac.uk>).

Egerton: Bailiúchán Francis Henry Egerton (1756–1829), Leabharlann na Breataine, Londain.

Feiritéar: Bailiúchán Phádraig Feiritéar (1856–1924), Leabharlann an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

IGT: Bergin, Osborn. 'Irish Grammatical Tracts', forlíonadh *Ériu* 8–10, 14, 17. 1916–55.

LNÉ: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

MN LS M: Lámhscríbhinní Uí Mhurchú, Ollscoil na hÉireann Má Nuad.

SMN II: Connradh Chuilm Naomhtha. *Seanmóirí Muighe Nuadhad, tógtha as na Láimhscríbhinnibh i Leabharlann Mhór an Choláisde: iar n-a nAithscríobhadh agus a gCur i nEagar ag na Macaibh-léighinn do Chonnradh Chuilm Naomhtha*. Baile Átha Cliath: M.H. Gill agus a Mhac, 1907.

SMN IV: Breathnach, Pól. *Seanmóirí Muighe Nuadhad, an Ceathramhadh Imleabhar .i. Seacht Seanmóir Déag*. *Do cumadh le Séamus Ua Gallchobhair, Dochtúir Diadhachta agus Easpog Rátha-Bhoth, 1725–1737*. Baile Átha Cliath: Muinntir Ghoill, 1911.

UCD–OFM: Lámhscríbhinní na bProinsiasach i gCill Iníon Léinín atá ar buancoimeád sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath.

SAOTHAIR A CEADAÍODH

Bergin, Osborn. *Irish Bardic Poetry*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1970.

Black, Ronald. 'Four O'Daly Manuscripts'. *Éigse* 26. 1992: 43–79.

Breatnach, Pádraig A. 'Amhrán le hAogán Ó Raithile'. *Éigse* 20. 1984: 149–56.

Breatnach, Pádraig A. 'Dhá Dhuain Leanbaíochta'. *Éigse* 22. 1987: 111–23.

Breatnach, Pádraig A. 'A Tract on the Fifteen Signs of Doomsday with Account of Hell's Torments and the Joys of Heaven'. *Apocrypha Hiberniae II: Apocalytica*. *Corpus Christianorum Series Apocryphorum.* Eag. Martin McNamara *et al*. Turnhout: Brepols, le teacht.

Breatnach, Risteard B. *The Irish of Ring Co. Waterford*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1947.

Carney, James. *Poems on the O'Reillys*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1950.

Clarke, Michael. *Man's Final End: Translated from Crioch Deigeanach don Duine Dan Diadha*. Baile Átha Cliath: M. Goodwin, 1824.

de Brún, Pádraig. 'Some Irish MSS with Breifne Associations'. *Breifne* 3. 1969: 552–61.

de Brún, Pádraig. *Scriptural Instruction in the Vernacular: the Irish Society and its Teachers 1818–1827*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 2009.
Dillon, Myles, Canice Mooney agus Pádraig de Brún. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Franciscan Library Killiney*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1969.
Dinneen, Patrick. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla. An Irish-English Dictionary, being a Thesauus of the Words, Phrases and Idioms of the Modern Irish Language.* Baile Átha Cliath: The Irish Texts Society, 1927.
Dottin, Georges. 'Une rédaction moderne du *Teanga Bithnua*'. *Revue Celtique* 28. 1907: 277–307.
Duncan, Lilian. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy* VIII. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 1932
FitzPatrick Elizabeth. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy* XXIV. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 1940.
Flower, Robin. *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum* II. London: British Museum, 1926.
Flower, Robin. 'The Revelation of Christ's Wounds', *Béaloideas* 1/1. 1927: 38–45.
Heimann, Mary. *Catholic Devotion in Victorian England*. Oxford: Clarendon Press, 1995.
Hyde, Douglas. *Abhráin Diadha Chúige Connacht or The Religious Songs of Connacht* I. Baile Átha Cliath: M. H. Gill and Son, 1906.
Mac Cana, Proinsias. *Collège des Irlandais Paris and Irish Studies*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 2001.
Mac Cionnaith, Láimhbheartach. *Dioghluim Dána*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.
Mac Clúin, Seóirse. *Réilthíní Óir* II. Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachais na hÉireann, 1922.
Mac Clúin, Seoirse. *Caint an Chláir* II. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1940.
Mac Gabhann, Séamus. 'Forging Identity: Michael Clarke and the Hidden Ireland'. *Ríocht na Midhe* 9/2. 1996: 73–95.
McKenna, Lambert. *Dán Dé. The Poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the Religious Poems in the Duanaire of the Yellow Book of Lecan*. Baile Átha Cliath: The Educational Company of Ireland, 1922.
McKenna, Lambert. *Philip Bocht Ó Huiginn*. Baile Átha Cliath, Talbot Press, 1931.
McKenna, Malachy. *The Spiritual Rose: Prayers and Meditations in Irish*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 2001.
Mackiernan, Francis. *Diocese of Kilmore. Bishops and Priests 1136–1988*. An Cabhán: Cumann Seanchais Bhreifne, 1989.
McManus, Damian, agus Eoghan Ó Raghallaigh. *A Bardic Miscellany*. *Five Hundred Bardic Poems from Manuscripts in Irish and British Libraries*. Baile Átha Cliath: Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonaide, 2010.
Mac Murchaidh, Ciarán. '*Seanmóirí* an Easpaig Séamas Ó Gallchóir: Eagráin, Aistriúcháin agus Aidhmeanna'. *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle*. Eag. Eoin Mac Cárthaigh agus Jürgen Uhlich. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2012: 417–44.
McNamara, Martin. 'The (Fifteen) Signs before Doomsday in Irish Tradition'. *Miscellanea Patristica, Warszawskie Studia Teologiczne* 20/2. 2007: 223–54.
Mac Seagháin, Diarmuid. 'Urnaí as Tírchonaill'. *Irisleabhar Muighe Nuadhat*. 1953: 61–3.

Mhág Craith, Cuthbert. *Dán na mBráthar Mionúr* I. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1967.
Mulchrone, Kathleen. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy* II. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 1928.
Mulchrone, Kathleen. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy* XXII. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 1940.
Ní Mhunghaile, Lesa. 'Scribal Networks and Manuscript Circulation in Meath during the Eighteenth and Early Nineteenth Centuries'. *Ríocht na Midhe* 22. 2011: 131–49.
Ní Mhunghaile, Lesa. 'The Irish Language in County Meath, 1700–1900'. *Meath History and Society. Interdisciplinary Essays on the History of an Irish County.* Eag. Francis Ludlow agus Arlene Crampsie. Baile Átha Cliath: Geography Publications, 2015: 547–72.
Ní Shéaghdha, Nessa. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland* II. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1961.
Ní Shéaghdha, Nessa. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland* VI. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1980.
Ní Úrdail, Meidhbhín. 'Dán ar Mhurchadh mac Briain Bhóraimhe agus Ríoghain Átha Cliath'. *Éigse* 32. 2000: 59–76.
Ní Úrdail, Meidhbhín. 'Súilfhéachaint ar Bhailiúchán Lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh'. *Éigse* 40 (2018a le teacht).
Ní Úrdail, Meidhbhín. 'Patrick Ferriter (1856–1924): an Irish Scholar at Home and Abroad'. *American Journal of Irish Studies* 15 (2018b le teacht).
Nic Cárthaigh, Emma. 'The Fifteen Signs of Doomsday in the *Liber Flavus Fergusiorum*'. *The End and Beyond. Medieval Irish Eschatology* II. Eag. John Carey, Emma Nic Cárthaigh agus Caitríona Ó Dochartaigh. Aberystwyth: Celtic Studies Publications, 2014a: 753–60.
Nic Cárthaigh, Emma. 'The Seven Heavens in the Modern Recension of *In Tenga Bithnua*'. *The End and Beyond. Medieval Irish Eschatology* I. Eag. John Carey, Emma Nic Cárthaigh agus Caitríona Ó Dochartaigh. Aberystwyth: Celtic Studies Publications, 2014b: 211–83.
Nic Éinrí, Úna. *An Cantaire Siúlach: Tadhg Gaelach*. An Daingean: An Sagart, 2001.
Ó Casaide, Séamus. 'Irish Printing in Drogheda'. *The Irish Book Lover* 19. 1931 (Bealtaine–Meitheamh): 78–81.
Ó Concheanainn, Tomás. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy* XXVIII. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 1970.
Ó Conchúir, Breandán. *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1982.
Ó Cróinín, Donncha A. 'A Devotional Poem by Seán Máistir Ó Conaill', *Celtica* 7. 1966: 48–64.
Ó Cuív, Brian. *Párliament na mBan* Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1952a.
Ó Cuív, Brian. 'An Irish Tract on the Stations of the Cross'. *Celtica* 2/1. 1952b: 1–29.
O'Daly, John. *The Irish Language Miscellany: being a Selection of Poems by the Munster Bards of the Last Century*. Baile Átha Cliath: John O'Daly, 1876.
Ó Dochartaigh, Caitríona, agus John Carey. 'Introduction'. *The End and Beyond. Medieval Irish Eschatology* II. Eag. John Carey, Emma Nic Cárthaigh agus Caitríona Ó Dochartaigh. Aberystwyth: Celtic Studies Publications, 2014: 549–65.
Ó Fiannachta, Pádraig. *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad* III. Má Nuad: An Sagart, 1966.

Ó Gallchobhair, P. ‘Clogherici: a Dictionary of the Catholic Clergy to the Diocese of Clogher (1535–1835)’. *Clogher Record* 1/3. 1955: 66–87.
Ó Macháin, Pádraig. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland* XI. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1990.
Ó Macháin, Pádraig. ‘“Ceasta Fhíthil”: Buaine agus Ilghnéitheacht na Gaoise i Litríocht na Gaeilge’. *Sacred Histories: a Festschrift for Máire Herbert.* Eag. John Carey, Kevin Murray agus Caitríona Ó Dochartaigh. Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2015: 333–54.
Ó Macháin, Pádraig, agus Nessa Ní Shéaghdha. *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland* XIII. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1996.
Ó Maonaigh, Cainneach. *Seanmónta Chuige Uladh*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1965.
Ó Mórdha, Séamus P. ‘Miscellanea’. *Clogher Record* 2/2. 1958: 263–71.
O’Rahilly, Cecile. *Five Seventeenth-Century Political Poems.* Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1952.
O’Rahilly, Cecile. *Trompa na bhFlaitheas.* Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1955.
Ó Rathile, Tomás. *Dánta Grádha. Cnósach de sna Dánta Grá is fearr san Ghaelge (A.D. 1350–1750)*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1926.
O’Sealbhaidh, Emun. *Crioch Deigheanach don Duine: Dan Diadha.* Baile Átha Cliath [gan clódóir luaite], 1818.
Ó Tuathail, Éamonn. ‘Seanchas Ghleann Ghaibhle: Glandevlin Folk-Lore’. *Béaloideas* 4 (forlíonadh). 1934: [i]–xxxviii, 1–64.
Stokes, Whitley. ‘The Evernew Tongue’. *Ériu* 2. 1905: 96–162.
Stokes, Whitley. ‘The Fifteen Tokens of Doomsday’. *Revue Celtique* 28. 1907: 308–26, 432.
Torna. *Seán na Ráithíneach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1954.
Ua Brádaigh, Tomás. ‘Peadar Dubh Ó Dálaigh, Fear Léinn agus Scríobhaí’. *Ríocht na Midhe* 2/2. 1960: 47–53.
Wolf, Nicholas M. *An Irish-Speaking Island: State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770–1870*. Wisconsin: University of Wisconsin Press, 2014.